
# Bí in ctrl.

**Faisnéis agus Acmhainní do Scoileanna le Dul i nGleic le Comhéigean agus Sracadh Gnéasach ar Líne**




webwise.ie

# An Clár Ábhar


**Réamhrá** 1

**Faisnéis don Mhúinteoir** 2

- Réamhrá 2
- Faisnéis chúlra agus comhthéacs 3
- Coitiantacht agus taighde 4
- Creat Dlí 6
- Cosaint Leanaí 8
- Rudaí nach mór smaoineamh orthu nuair atáthar ag déileáil le Nochtadh 9
- Acmhainní OSPS 13
- Treoirlínte Dea-Chleachtais 15

**Ceacht 1: Is Coir é Comhéigean agus Teacht i dTír Gnéasach ar Líne** 18

- Cur i Láthair ó Gharda/Mhúinteoir agus Script Gníomhaíochta 20
- Bileog Oibre 1.1 Teanga a Fhoghlaim 23
- Bileog Oibre 1.1a Teanga a Fhoghlaim 24
- Bileog Oibre 1.2 Anna agus George 25
- Bileog Oibre 1.2a Anna agus George 26
- Bileog Oibre 1.3 Machnamh 28
- Bileog Oibre 1.3a Machnamh 29

**Ceacht 2: Scéal Anna** 30

- Gníomhaíocht 1 31
- Bileog Oibre 2.1 Comharthaí Rabhaidh 32
- Bileog Oibre 2.1a Comharthaí Rabhaidh 33
- Gníomhaíocht Roghnach: Díospóireacht ar cois maidir leis an Saol ar Líne 34
- Bileog Oibre 2.2 Smaointe agus Mothúcháin 35
- Bileog Oibre 2.2a Smaointe agus Mothúcháin 36
- Machnamh 37

**Ceacht 3: Scéal George** 38

- Gníomhaíocht 1 39
- Bileog Oibre 3.1 Comharthaí Rabhaidh 40
- Bileog oibre 3.1a Comharthaí Rabhaidh 41
- Gníomhaíocht 2 42
- Bileog Oibre 3.2 Cumarsáid ar Líne 43
- Bileog Oibre 3.2a Cumarsáid ar Líne 44
- Machnamh 45
- Gníomhaíocht Roghnach: Measúnú Soilse Tráchta 46

**Aguisíní** 47

- Bunrialacha Samplacha 48
- Stór focal le haghaidh scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 49
- Stór focal samplach agus Tuiscint Rúibric le haghaidh scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 50
- Cé a thabharfaidh cúnamh duit 51
- Treoirlínte maidir le cuairteanna ar scoileanna 55
- Póstaer seomra ranga 56
- Litir shamplach chuig tuismitheoirí 57
- Cén chaoi a dtabharfaidh tú cosaint duit féin ar líne? 58
- Gluais 59
- Reachtaíocht Eile is Infheidhme 60

**Eolas Fúinn** 61

# Réamhrá

Tá an fáil atá ar an saol ar líne méadaithe thar cuimse le deich mbliana anuas agus is cuid lárnach de shaol an aosa óig é anois. Ba cheart féachaint air sin mar chuid nádúrtha dá bhforbairt. Mar sin féin, de réir mar a thagann teicneolaíochtaí nua ar an bhfód, tá na bealaí ina n-úsáideann an t-aos óg a dtimpeallacht ar líne chun cumarsáid agus caidrimh a dhéanamh ag athrú go mór freisin. Cé gur iomaí buntáiste atá leis an méadú sin ar an teicneolaíocht, cosúil le cumhdach idirlín níos mó agus an fháil fhorleathan atá ar fhearais shoghluaiste, is iomaí contúirt a chruthaíonn sé freisin don aos óg. Dá bhrí sin, tá sé de fhreagracht orainn ar fad oideachas a chur ar an aos óg faoi na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith os a gcomhair, agus iad a chosaint chun an timpeallacht ar líne a dhéanamh chomh sábháilte agus is féidir. Nuair a tharlaíonn rud éigin míchuibhiúil ar líne ba cheart dúinn bealaí soiléire agus éifeachtacha a chur ar fáil chun é a thuairisciú agus chun tacaíocht a chur ar fáil ionas go mbeidh a fhios ag an aos óg cá ngabhfaidh siad chun cabhair a fháil.

Tá comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne ar cheann de na feiniméin choiriúla nua atá ag teacht chun cinn sa ré dhigiteach. Tarlaíonn sé nuair a chuirtear iallach nó ina luí ar dhuine óg íomhánna agus/nó físeáin ghnéasacha de féin a sheoladh, nó gníomh gnéasach a dhéanamh os comhair ceamara gréasáin. Mealltar an duine óg le straitéisí ar nós pearsanú (ligean orthu féin gur duine eile iad), haiceála, nó íomhá an linbh a ghoid agus comhéigean a úsáid, trí bhagairtí agus imeaglú. Is iad an dá phríomhspreagadh do choir den chineál seo ná: an t-ábhar féin, chun críocha gnéasacha, agus cúrsaí airgid, chun brabús a dhéanamh air.

Bíonn drogall ar an íospartach dul chuig na Gardaí nó cúnamh a lorg toisc go mbíonn náire air faoin ábhar atá i seilbh an té a rinne an choir, nó toisc nach eol dó go bhfuil an choir á déanamh air fiú. I measc na n-iarmhairtí d'fholláine an duine óig a gcuireann an cineál seo coire isteach air, bíonn eagla, imní, dúlagar agus baol méadaithe go ndéanfaidh sé dochar dó féin lena n-áirítear féinmharú nó iarrachtaí ar fhéinmharú. Dá bharr sin, bhí sé riachtanach an pacáiste *Bí in CTRL* a fhorbairt, mar fheachtas coisctheach chun feasacht a ardú agus cosaint a thabhairt don aos óg.

I gcás ceannairí scoile, tá sé tábhachtach go mbeidís ar an eolas faoin gceist chun a bheith réitithe le tacaíocht a thabhairt do na daoine is leochailí agus an ceann is fearr a fháil ar na rioscaí a chruthaítear sa timpeallacht ar líne. Féachtar san acmhainn *Bí in CTRL*, a cruthaíodh i gcomhpháirt leis an nGarda Síochána, le ceannairí agus múinteoirí scoile a chur ar an eolas faoi chomhéigean agus sracadh gnéasach ar líne a dhéantar ar leanaí. Ceapadh an acmhainn chun oideachas agus eolas a thabhairt don scoláire agus a rá leis gur coir é. Tá sé mar aidhm ag an acmhainn iompar cuí ar líne a chur chun cinn agus cultúr a fhorbairt ina dtugtar tuairisc faoi mhí-iompar agus ina gcothaítear ionbhá, ómós agus neart an duine. Tá trí cheacht san acmhainn chun tacú le scoileanna de réir mar a théann siad i ngleic leis an gceist seo i gcomhthéacs an chláir Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS).

Ina theannta sin, is gá dúinn gníomh a ghlacadh laistigh den seomra ranga ar mhaithe le feasacht a ardú agus cumhacht a thabhairt don scoláire chun cúnamh a lorg nó tuairisc a thabhairt ar eachtraí don Gharda Síochána. Léirítear go seasta i dtaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta go bhfuil an múinteoir cáilithe ranga in ann dul i gcion go mór ar dhearcthaí, ar luachanna agus ar iompar an scoláire. Is é an múinteoir sin is fearr atá in ann oibriú go mothálach agus go comhsheasmhach leis an scoláire.

Creidim go soláthróidh na ceachtanna eiseamláire, na hacmhainní agus na hábhair theagaisc tacaíocht chuimsitheach do mhúinteoirí chun cabhrú leo a scoláirí a threorú agus a chosaint agus chun cur ar chumas daoine óga a bheith níos críonna agus a bheith ina n-úsáideoirí Idirlín sábháilte.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le gach duine a bhí páirteach i bhforbairt na hacmhainne seo; an Garda Síochána, Webwise – tionscnamh sábháilteacht Idirlín fhoireann SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas, comhaltaí fhoireann Sláinte agus Folláine SFGM, an Chigireacht sa Roinn Oideachais agus Scileanna, agus baill na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta, Danielle Flynn agus Brian Hallissey BL.



**Ciara O'Donnell**



# Faisnéis don Mhúinteoir

## Réamhrá

Is coir é comhéigean agus teacht i dtír gnéasach ar líne a dhéanamh ar leanaí. Tarlaíonn sé nuair a iarrann duine éigin nár bhuail an leanbh leis ach ar líne le haghaidh grianghraif agus/nó físeáin ghnéasacha, nó go ndéanfadh an duine óg gníomh gnéasach os comhair ceamara gréasáin. D'fhéadfadh an ciontóir iarraidh ar an leanbh an teagmháil a choinneáil faoi rún, agus bagairt a dhéanamh go gcuirfear na grianghraif nó físeáin ar an idirlíon nó go roinnfear le cairde agus gaolta an linbh iad mura seolann an leanbh tuilleadh pictiúr nó mura n-íocann sé airgead.

**Nuair a dhíríonn sé ar dhuine faoin aois (mionaoiseach), bíonn dhá phríomhspreagadh ag an gciontóir:**

**Uimh. 1** Suim ghnéasach i leanaí, nuair is é cuspóir an mhalartaithe sractha ábhar gnéasach a fháil (grianghraif agus/nó físeáin ina dtaispeántar an leanbh) nó chun caidreamh gnéasach a bheith aige leis as líne.

**Uimh. 2** Suim gheilleagrach, nuair is é an cuspóir brabús a dhéanamh ón sracadh.

(D'fhéadfadh meascán den dá rud a bheith i gceist freisin.)

Cé go bhfuil an curaclam OSPS agus raon acmhainní ar fáil chun saincheisteanna sonracha a chur chun cinn, tá freagracht ar an gcóras oideachais a chinntiú go gcuirtear acmhainní chun dáta ar fáil chun déileáil leis na bagairtí nua do shábháilteacht scoláirí. Téann an acmhainn seo i ngleic le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne. Mapáiltear í de réir churaclam OSPS na Sraithe Sóisearaí agus tá sí le húsáid le scoláirí sa dara agus sa tríú bliain.

Féachtar san acmhainn seo, a cruthaíodh i gcomhpháirt leis an nGarda Síochána, le ceannairí agus múinteoirí scoile a chur ar an eolas faoi chomhéigean agus sracadh gnéasach ar líne a dhéantar ar leanaí. Féachtar freisin ar conas is féidir le scoil dul i ngleic leis an gceist, i gcomhar le tuismitheoirí na scoláirí. Tá trí cheacht san acmhainn chun tacú le scoileanna de réir mar a théann siad i ngleic leis an gceist i gcomhthéacs an chláir Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS).

Tógtar lear mór den ábhar sa réamhrá leis an acmhainn as tuarascáil Lárionad Cibearchoireachta na hEorpa *'Online sexual coercion and extortion as a form of crime affecting children – Law Enforcement Perspective'*. Cuireadh ábhar forlíontach sna ceachtanna le chéile mar chuid d'fheachtas feasachta Europol maidir le comhéigean agus sracadh gnéasach leanaí ar líne. Sheol an Garda Síochána an tuarascáil agus an feachtas feasachta in Éirinn i mí an Mheithimh 2017.



# Faisnéis chúlra agus comhthéacs



Tá leanaí ag baint níos mó agus níos mó úsáide as an idirlíon chun labhairt le daoine agus caidrimh a chruthú agus meastar gur cuid nádúrtha dá bhforbairt é sin. Tá athrú as cuimse tagtha ar iompar ar líne le blianta beaga anuas, agus bealaí nua cumarsáide ann, cumhdach idirlín níos fearr agus rochtain fheabhsaithe ar fhearais shoghluaiste. Taispeántar i dtaighde *Net Children Go Mobile* go raibh teagmháil ar líne ag duine as gach cúigear leanaí (22%) le daoine nár bhuail siad leo riamh.[1] Tá freagracht orainn go léir oideachas a chur ar leanaí chun iad féin a chosaint ar líne.

*'Ar cheann de na rudaí nua atá ag teacht chun cinn in iompar ar líne tá feiniméan ar a dtugtar... comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne'*[2]. Déantar cur síos air freisin mar 'dhúmhál ar cheamara gréasáin'. Mar chuid den choireacht seo atá ríomhaire-chumasaithe déantar dúmhál ar dhuine ar cuireadh a ghrianghraf agus/nó a fhíseán gnéasach ar fáil i dtimpeallacht ar líne. Tá dhá mhórspreagadh chun comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne a dhéanamh leanaí; spreagadh gnéasach agus airgeadais.

Téann ciontóirí i dteagmháil le leanaí ar líne chun grianghraif agus/nó físeáin ghnéasacha a fháil uathu. Chun é sin a dhéanamh oibríonn siad ar mhuinín an linbh, bíonn siad mór leis an duine óg agus meallann siad mionaoisigh chun comhrá gnéasaithe a chur ar bun agus gníomhartha gnéasacha a dhéanamh ar líne. Nuair a bheidh seilbh ag na ciontóirí ar na grianghraif agus/nó na físeáin ghnéasacha, b'fhéidir go n-ordóidís don leanbh tuilleadh íomhánna nó airgead a sheoladh, ag bagairt air go roinnfidh siad na híomhánna ar líne mura ndéanann an leanbh gach a ndeirtear leis a dhéanamh. Ní gá gur daoine fásta iad na ciontóirí, bíonn daoine ar comhaois leis an duine óg i gceist i gcásanna áirithe freisin.


Rinne an tIonad Náisiúnta do Leanaí ar Iarraidh agus a nDéantar Teacht i dTír Orthu (NCMEC) i Meiriceá[3] anailís ar thuarascálacha[4] CyberTipline[5] agus fuarthas amach go raibh 78% de chiontóirí ag iarraidh ábhar gnéasach níos gáirsiúla den leanbh a fháil agus go raibh 7% ag iarraidh airgead nó earraí a fháil.[6] Is cosúil gurb é sásamh gnéasach an té atá i mbun na coire an príomhrud a spreagann na daoine seo. Is minic le ciontóirí géarú ar a gcuid éileamh, ó thaobh líon na n-íomhánna/bhfíseán agus/nó leibhéal na tromchúise.[7] Déanann ciontóirí eagraithe atá lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach den chuid is mó cionta atá spreagtha ag airgead agus is rud nua go leor é seo atá ag tarlú anois. Cás cáiliúil amháin de seo ab ea cás féinmharaithe buachaill 17 mbliana d'aois as Albain, ar dhírigh grúpa a bhí ag feidhmiú as na hOileáin Filipíneacha air. Imríodh cleas air páirt a ghlacadh i gcomhrá gáirsiúil ar Skype agus é ag ceapadh go raibh sé ag caint le cailín sna Stáit Aontaithe a bhí ar comhaois leis féin. D'iarr an ciontóir airgead air agus bhagair sé go gcuirfeadh sé íomhánna dó ina raibh sé nocht ar láithreáin líonraithe shóisialta mura n-íocfadh sé an t-airgead.[8]

Bhailigh an NCMEC faisnéis freisin inar tugadh sonraí faoi na seifteanna a imríonn ciontóirí ar dhaoine lena mealladh, agus roinnt comhbheart go minic:

- Cómhalartú – 'Taispeáin rud éigin domsa, agus taispeánfaidh mise rud éigin duitse'.
- Cruthaítear ceangal trí chairdeas/caidreamh rómánsúil a chruthú ar líne
- Úsáidtear cúpla aitheantas ar líne i gcoinne leanbh ar leith, mar dhuine atá i mbun comhéigin nó sracadh ar mhaithe le hábhar gnéasach a fháil agus é ag ligean air féin ag an am céanna gur cara dílis é nó íospartach báúil an chiontóra chéanna
- Ligeann siad orthu féin go bhfuil siad níos óige
- Ligeann siad orthu féin gur cailín iad nuair is fear atá ann i ndáiríre
- Faigheann siad rochtain ar chuntas meán sóisialta ar líne an linbh gan chead agus goideann siad ábhar gnéasach ina bhfuil páirt ag an leanbh
- Déantar taifeadadh ar an leanbh i ngan fhios dó féin agus é ar chomhrá físe
- Tairgtear rud éigin ar dtús don leanbh, cosúil le hairgead nó drugaí, ach ábhar atá gáirsiúil go gnéasach a fháil mar mhalairt air
- Ligeann siad orthu féin go bhfuil siad ag obair do ghníomhaireacht mainicíní
- Úsáidtear píosaí scannáin réamhthaifeadta, a chruthaítear le bogearraí speisialta nó a fhaightear ó shuíomhanna pornagrafaíochta agus suíomhanna ceamara ar a mbíonn caidreamh collaí ag dul amach beo[9]







Fuair an NCMEC amach gur bhagair 67% de chiontóirí go gcuirfidís ábhar gnéasach ar líne, agus gur bhagair 29% go sonrach é a phostáil in áit ina bhfeicfeadh muintir agus cairde an íospartaigh é. I measc na seifteanna eile a úsáideann na daoine a bhíonn i mbun na gcoireanna seo:

- Bagairt fhisiceach go ngortóidh siad nó go ndéanfaidh siad ciapadh gnéasach ar an leanbh nó ar a mhuintir
- Bagairt go gcuirfidh siad lámh ina mbás féin
- Bagairt go gcruthóidh siad ábhar gnéasach ina bhfuil an leanbh trí uirlisí eagarthóireachta digití a úsáid
- Próifíl bhréige a chruthú den leanbh mar dhea agus bagairt go bpostálfaidh siad ábhar gnéasach ina bhfuil an leanbh páirteach
- Comhrá a bhí gáirsiúil go gnéasach a bhí acu leis an leanbh a shábháil agus bagairt go bpostálfaidh siad ar líne é[10]

Ní lorgaíonn go leor leanaí aon chúnamh ná ní thugann siad tuairisc maidir lena n-imní do na Gardaí toisc go mbíonn náire orthu faoin ábhar atá i seilbh an chiontóra nó toisc nach eol dóibh go bhfuil coir á déanamh orthu fiú. I gcomhthéacs idirghabhála is féidir a chosc, má úsáidtear clár feasachta ina rachfar i ngleic le tréithe an chomhéigin agus an tsractha ar líne a dhéantar ar leanaí, cuirfear leanaí agus daoine óga ar an eolas faoi chumarsáid ar líne atá inghlactha agus doghlactha, lena n-áirítear neamhdhleathacht roinnt cleachtas ar líne.

## Coitiantacht agus Taighde

Ní mór tuilleadh taighde a dhéanamh ar chomhéigean agus sracadh gnéasach ar líne a dhéantar ar leanaí mar cheann de na feiniméin choiriúla nua atá ag teacht chun cinn sa ré dhigiteach. Tá dúshlán ag baint le raon an chomhéigin agus an tsractha ghnéasaigh ar líne a dhéantar ar leanaí a mheas toisc go bhféadfadh sé nach bhfuil cásanna á dtuairisciú agus nach bhfuil aon tacair shonraí ann a d'fhéadfaí a úsáid chun comparáid a dhéanamh. Níl aon staitisticí ar fáil i láthair na huaire ina dtugtar mionsonraí maidir le chomh coitianta is atá na cionta sin in Éirinn ach cuidíonn tuarascálacha a foilsíodh san Eoraip le déanaí chun pictiúr a thabhairt den chomhéigean agus sracadh gnéasach ar líne a dhéantar ar leanaí.

Bhí sé mar aidhm ag *tuarascáil Brookings*[11] an comhéigean cianda ar ábhar nó ar ghníomhaíocht ghnéasach a scagadh agus díríodh ar 78 cás lena raibh baint ag 1,397 íospartach. Luann an t-údar nach bhfuil anseo ach cuid Pháidín den mheacan, agus go gcreidtear go bhfuil idir 3,000 agus 6,500 íospartach i gceist i ndáiríre. As an 78 cás, bhain 71% le mionaoisigh agus bhain 18% le meascán de mhionaoisigh agus de dhaoine fásta.[12]

Tarraingíonn sonraí NCMEC aird ar phríomhthorthaí sa réimse seo freisin. Fuair CyberTipline 1,428 tuairisc maidir le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne a rinneadh ar leanaí ó mhí Dheireadh Fómhair 2013 go dtí mí Aibreáin 2016. Dar le NCMEC go bhfuil na tuairiscí sin ag dul i méid ó thosaigh CyberTipline ag rianú an fheiniméin seo i mí Dheireadh Fómhair 2013. Sna chéad dá bhliain iomlána, idir 2014 agus 2015, bhí méadú 90% ar líon iomlán na dtuairiscí. Leanadh den phatrún sin, agus tuairiscí ardaithe 150% sna chéad chúpla mí de 2016 i gcomparáid le líon na dtuairiscí sa tréimhse chéanna in 2014.[13]

Fuair Aonad Frith-Fhuadach agus Sractha (AKEU) na Gníomhaireachta Coireachta Náisiúnta sa Ríocht Aontaithe 1,247 tuairisc maidir le cionta ar measadh iad mar dhúmhál ríomhaire-chumasaithe in 2016, níos mó ná trí oiread an fhigiúir don bhliain roimhe sin (386).14 Sonraíodh an rud a spreag an ciontóir i 738 den 1,247 cás, agus bhí formhór na gcásanna (665) á spreagadh ag airgead.15


Is fir a bhíonn i gceist de ghnáth leis na ciontóirí arb é a bpríomhspreagadh ábhar gnéasach agus/nó sochair ghnéasacha a fháil as líne, feidhmíonn siad ina n-aonar ach roinneann siad nó malartaíonn siad an t-ábhar a fhaightear, gníomhaíonn siad ar leibhéal idirnáisiúnta nó náisiúnta araon, díríonn siad ar mhná/chailíní, agus b'fhéidir go bhfuil aithne phearsanta acu ar an duine.[16] Maidir leis na ciontóirí arb é a bpríomhspreagadh airgead a fháil, bíonn idir fhir agus mhná i gceist leo, bíonn siad ina mbaill d'fhiontar coireachta eagraithe, feidhmíonn siad i bhfoirne lonnaithe i dtíortha i mbéal forbartha, feidhmíonn siad ar bhonn idirnáisiúnta nó náisiúnta, díríonn siad ar fhir/bhuachaillí atá lonnaithe i dtíortha ina labhraítear an teanga chéanna agus ní bhíonn aithne phearsanta acu ar an íospartach.[17]


**Áirítear le saintréithe na leanaí a bhíonn páirteach i gcásanna de chomhéigean agus sracadh gnéasach ar líne:**

- Saontacht na leanaí, ar leibhéal caidrimh nó ar leibhéal teicniúil
- Easpa rialúcháin/rannpháirtíochta na dtuismitheoirí in iompar ar líne
- Toilteanas ábhar gnéasach a chruthaigh sé/sí féin a roinnt
- Lear mór ama á chaitheamh ar líne gach lá
- Líonraí sóisialta agus bealaí cumarsáide eile ar líne in úsáid, go háirithe trí fhearais shoghluaiste
- Cairdeas le strainséirí
- Comhráite gnéasaithe le strainséirí
- Easpa eolas teicniúil faoi chontúirtí an idirlín[18]

D'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha, diúltacha bheith ann d'fholláine leanaí a bhíonn páirteach i gcásanna de chomhéigean agus sracadh gnéasach ar líne. Fuarthas amach i staidéar NCMEC gur fhulaing leanaí raon torthaí diúltacha go minic, lena n-áirítear éadóchas, eagla, imní agus dúlagar.19 Tabhair faoi deara go bhfuil na saintréithe sin infheidhme go háirithe i gcás leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus míchumais acu toisc gur mó an seans go mó go mbeidís níos goilliúnaí nó go ndéanfaí íospartaigh díobh ná iad sin nach bhfuil aon riachtanais ná míchumais acu.


Dar le saineolaithe um Shracadh Gnéasach Leanaí ó phobal Ardán Ildisciplíneach na hEorpa i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT-Cyber-CSE), fuarthas fógraí maidir le cásanna de chomhéigean agus sracadh gnéasach leanaí ar líne trí fhoinsí éagsúla. Thug na híospartaigh, daoine muinteartha nó múinteoirí tuairisc dhíreach ar thart ar 70%.[20]











# Creat Dlí

Is cionta iad comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne leanaí in Éirinn faoin Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht, 1998 agus faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994. Rinneadh athrú le déanaí ar an Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht, 1998 leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017.

## An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht, 1998

(arna leasú ag an Acht um an Dlí Coiriúil [Cionta Gnéasacha], 2017)

Cuimsítear comhroinnt íomhánna gáirsiúla de mhionaoisigh san Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht, 1998. Ceapadh an t-acht sin chun leanaí a chosaint ó theacht i dtír. Sainítear "leanbh" san Acht mar: "duine faoi bhun 18 mbliana d'aois." Má roinntear nó má stóráiltear íomhánna nó físeáin ghnéasacha de leanbh ar fhearas is féidir an t-acht seo a ghairm, sa mhéid is go sásaíonn an t-ábhar an sainmhíniú ar phornagrafaíocht leanaí. Ba cheart caitheamh le híomhánna gáirsiúla féintairgthe a mhalartaíonn ógánaigh, faoi bhun 18 mbliana d'aois, mar phornagrafaíocht leanaí.



## Sainítear pornagrafaíocht leanaí san Acht mar:

(a) Aon amharcléiriú –

(i) a thaispeánann duine nó, i gcás doiciméid, a bhaineann le duine is leanbh nó a chuirtear i láthair mar leanbh agus atá ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach fhollasach nó a chuirtear i láthair amhail is dá mbeadh sé nó sí ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach fhollasach,

(ii) a thaispeánann duine nó, i gcás doiciméid, a bhaineann le duine is leanbh nó a chuirtear i láthair mar leanbh agus atá ag breathnú ar aon ghníomhaíocht den sórt sin ag aon duine nó daoine nó a chuirtear i láthair amhail is dá mbeadh sé nó sí ag breathnú ar aon ghníomhaíocht den sórt sin ag aon duine nó daoine, nó


(iii) arb é a phríomhthréith limistéar ginitiúil nó anasach linbh a chur i láthair chun críche gnéasaí,

(b) Aon chlosléiriú ar dhuine is leanbh nó a léirítear mar leanbh agus atá ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach fhollasach nó a léirítear amhail is dá mbeadh sé nó sí ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach fhollasach,

(c) Aon amharcléiriú nó closléiriú a mholann, a spreagann nó a chomhairlíonn aon ghníomhaíocht ghnéasach le leanaí ar gníomhaíocht í is cion faoi aon achtachán, nó

(d) aon amharcléiriú nó cur síos ar leanbh, nó aon fhaisnéis a bhaineann le leanbh, a thugann le fios nó arb intuigthe as go bhfuil an leanbh ar fáil lena úsáid nó lena húsáid chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh air nó uirthi de réir bhrí alt 3.

Faoi alt 3 is cion é leanbh a úsáid chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh air nó uirthi. Mar a fhoráiltear in alt 3(2): duine – (a) a ghabhfaidh nó (b) a choinneoidh leanbh, nó a shrianfaidh saoirse phearsanta linbh, chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh air nó uirthi, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil.



Sainítear teacht i dtír gnéasach mar: “cuireadh a thabhairt don leanbh nó an leanbh a aslú nó a chomhéigniú chun páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht ghnéasach is cion faoi aon achtachán, cuireadh a thabhairt don leanbh nó an leanbh a aslú nó a chomhéigniú chun páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht de chineál gnéasach nó mígheanasach nó chun breathnú ar aon ghníomhaíocht den sórt sin.”

Maidir le pornagrafaíocht leanaí a tháirgeadh: duine a earcaíonn, a chomhéigníonn nó a ordaíonn do leanbh chun gabháil do striapachas leanaí nó do tháirgeadh pornagrafaíochta leanaí agus a ghnóthaíonn go feasach ó na gníomhaíochtaí sin, beidh sé ciontach i gcion. Ina theannta sin, luaitear in alt 5A go mbeidh duine a fhreastalaíonn go feasach ar léiriú pornagrafaíochta ciontach i gcion. Cuimsítear le freastal ar léiriú pornagrafaíochta úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun amharc ar fhíseáin sruthaithe beo nó taifeadta ina dtaispeántar leanbh ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach, nó ina ndírítear go sonrach ar bhaill ghiniúna linbh. Dá bhrí sin, maidir le cás de shracadh nó comhéigean gnéasach ar líne, déantar cionta tromchúiseacha faoin reachtaíocht reatha leasaithe.

I mbeagán focal, is féidir le gach cás a bhaineann le híomhánna gáirsiúla de leanaí a chruthú, a dháileadh nó a shealbhú a bheith ina chás coiriúil agus ba cheart tuairisc maidir lena leithéid a thabhairt don Gharda Síochána. Éilítear leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád Siar), 2012, oibleagáid chun faisnéis a thabhairt don Gharda Síochána sna cásanna sin. Tugtar imlíne san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ar na ceanglais tuairiscithe a chuirtear ar mhúinteoirí (agus ar “dhaoine sainordaithe” eile a oibríonn le leanaí) chun tuairisc a chomhdú le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

## Cad iad na pionóis?

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara i gcásanna ina ndéantar ábhar gáirsiúil féinchothaithe nó féinphiceanna ina bhfuil an duine nocht, is féidir gurb é an duine sin cruthaitheoir, dáileoir agus an té a bhfuil ábhar mídhleathach ina sheilbh aige. Ceapadh an dlí sa réimse seo chun leanaí a chosaint ó theacht i dtír orthu agus gan coir a dhéanamh dá ngníomhaíochtaí meargánta. Mar sin féin, beidh cur chuige éagsúil ó Stáisiún Gardaí go Stáisiún Gardaí. Níl aon phrótacal i bhfeidhm i láthair na huaire don Gharda Síochána maidir le déileáil le féinphiceanna d’ógánaigh nochta.

Mar gheall nach raibh sé i gceist go ndéileálfadh an t-acht le féinphiceanna de dhéagóirí nochta, ach le daoine a bhí ciontach as íomhánna de mhí-úsáid leanaí a thrádáil, tá na pionóis faoin acht dian. Áirítear leis na pionóis príosúnacht, fíneáil agus bheith curtha ar chlár na gciontóirí gnéis.

I gcás cionta áirithe bíonn an rogha ann maidir le cibé ar cheart an duine a chur ar an gclár (mar shampla, i gcás go bhfuil an bheirt atá i gceist gar in aois). Mar sin féin, i gcás cionta ina ndéantar pornagrafaíocht leanaí a chruthú, a dháileadh agus a shealbhú níl a leithéid de rogha ann in aon chor. Dá bhrí sin má chiontaítear duine as cion mar sin, cuirfear an duine sin go huathoibríoch ar an gclár ar feadh 2½ bhliain ar a laghad.

## An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017

Leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 a ritheadh le déanaí cruthaítear cionta nua chomh maith le reachtaíocht reatha a leasú (mar atá leagtha amach thuas).

Fágann Alt 6 gur cion é a chur faoi deara go hintinneach do leanbh féachaint ar ghníomhaíocht ghnéasach. Duine a gheofar ciontach sa chion sin, ar é nó í a chiontú, dlífear príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana a chur air nó uirthi.

Cruthaíonn alt 8 cion má dhéantar “Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a úsáid chun teacht i dtír gnéasach ar leanbh a éascú.” Foráiltear leis:







# Cosaint Leanaí

**Uimh.1** Duine a dhéanann cumarsáid trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide le duine eile (lena n-áirítear leanbh) chun teacht i dtír gnéasach ar leanbh a éascú ag an duine sin nó ag aon duine eile, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, príosúnacht ar feadh téarma nach mó ná 14 bliana.

## An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994

Pléitear cionta i dtaca le dúmhál agus sracadh in alt 17.

**Uimh.1** Is cion é ag aon duine aon éileamh gan údar a dhéanamh go bagrach d’fhonn gnóchan a fháil dó féin nó do dhuine eile nó le hintinn é a bheith ina chúis le caillteanas do dhuine eile.

Cé nach bhfuil aon sainmhíniú san Acht ar ‘bagrach’, sainíodh brí an fhocail i gcás dlí. I gcás Thorne v Motor Trade Association (1937) shonraigh an chúirt ‘go dtabharfar forléiriú saor ar an bhfocal bagrach, agus nach mbeidh sé teoranta do bhagairtí foréigin ach go gcuimseofar leis bagairtí maidir le haon ghníomh a bheidh díobhálach nó gránna don duine a ndéanfar é ina choinne nó ina coinne.’ Chuimseofaí leis an sainmhíniú ar bhagrach bagairtí maidir le grianghraif/físeáin gháirsiúla a fhoilsiú ar líne.[21]

## Reachtaíocht Eile is Infheidhme

Is ionann an reachtaíocht a bhfuil cuntas air thuas agus na dlíthe a phléann go díreach le comhéigean agus sracadh gnéasach. Tá forálacha reachtúla eile ann a bhféadfadh feidhm a bheith leo freisin ag brath ar imthosca an cháis ar leith, féach Aguisín 10.

## Tuarascáil ar Chumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach 2016

D’fhoilsigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí Tuarascáil le déanaí ar réimse na cibearchoireachta agus saincheisteanna gaolmhara eile ar líne. Tá Dréacht-Bhille ar Chumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach[22] in Aguisín A den Tuarascáil ina dtugtar aghaidh ar chibearchoireacht a chuireann isteach ar shábháilteacht phearsanta, ar phríobháideachas agus ar chlú.

Faoin mBille is cion a bheidh ann íomhá dhlúthphearsanta a dháileadh gan toiliú, nó bagairt sin a dhéanamh, le hintinn díobháil a chruthú, íomhá dhlúthphearsanta a ghlacadh nó a dháileadh gan toiliú, agus teachtaireacht bhagartha nó bhréige a dháileadh.

## An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Tugtar cuntas san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ar na ceanglais tuairiscithe a chuirtear ar mhúinteoirí mar ‘dhaoine sainordaithe’. Tá dualgas dlíthiúil ar mhúinteoirí tuairisc a thabhairt do Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, má bhíonn a fhios acu, má chreideann siad nó má tá fothaí réasúnacha acu le creidiúint go bhfuil dochar á dhéanamh do leanbh, go ndearnadh dochar do leanbh nó go bhfuil leanbh i mbaol dochair. Tá dualgas dlíthiúil ar mhúinteoirí freisin aon nochtadh a dhéanann leanbh a thuairisciú.

Luaitear san acht i gcás go bhfuil a fhios ag “duine sainordaithe” (lena n-áirítear múinteoir cláraithe leis an Chomhairle Múinteoireachta), go gcreideann sé nó sí nó go mbíonn fothaí réasúnacha aige nó aici le hamhras bheith air nó uirthi, ar bhunús na faisnéise a fuair sé nó sí, nó a chuirtear faoina bhráid nó faoina bráid i rith a f(h)ostaíochta nó g(h)airme mar dhuine sainordaithe (a) go ndearnadh dochar do leanbh, (b) go bhfuil dochar á dhéanamh do leanbh, nó (c) go bhfuil leanbh i mbaol dochair, tuairisceoidh sé nó sí, a luaithe agus is indéanta go praiticiúil, an fhaisnéis, creideamh nó amhras sin, de réir mar a bheidh, chuig Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.


Cuimsítear drochúsáid ghnéasach leis an sainmhíniú ar “dhíobháil”. Sainítear drochúsáid ghnéasach faoi Acht 2015 mar “chion i gcoinne an linbh, áirítear iad seo a leanas i measc na gcionta sonraithe:

| | |
|---|---|
| **Alt 4** | (cead a thabhairt leanbh a úsáid le haghaidh pornagrafaíocht leanaí); |
| **Alt 4a** | (striapachas leanaí nó táirgeadh pornagrafaíocht leanaí a eagrú etc.); |
| **Alt 5A** | (rannpháirtíocht linbh i léiriú pornagrafaíochta) |
| **Alt 8** | (úsáid as teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide chun teacht i dtír gnéasach ar leanbh a éascú) |

# Rudaí nach mór smaoineamh orthu nuair atá nochtadh i gceist

Ní mór gach ábhar imní faoi dhrochúsáid ghnéasach a chur isteach mar thuarascáil faoi shainordú chuig Tusla. Ní mór Tusla a chur ar an eolas faoi na rioscaí go léir do leanaí, toisc nach gciallaíonn fáil réidh le riosca amháin nach mbeidh aon leanaí eile i mbaol. D'fhéadfadh an fhaisnéis a bhíonn i nochtadh a bheith ríthábhachtach don mheasúnú a dhéanamh Tusla ar an riosca do leanbh eile anois nó sa todhchaí.

Má fhaigheann ball foirne nochtadh ó scoláire maidir le comhéigean agus teacht i dtír gnéasach ar líne ar leanbh, ní mór na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile, 2017 a leanúint.



### Dualgas cúraim na scoile:

Tá sé seanbhunaithe go bhfuil dualgas cúraim ag scoil i leith a scoláirí. Mar gheall ar a bhfuil i gceist le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne, is féidir an argóint a dhéanamh ar aon nós, go mbeifear ag súil go nglacfadh an scoil céimeanna lena chinntiú go mbíonn a scoláirí ar fad ar an eolas ar chontúirtí agus iarmhairtí na gníomhaíochta sin. Tá sé de fhreagracht ar gach scoil cur le cosc mí-úsáide agus faillí leanaí trí sholáthar curaclaim. Sa chomhthéacs sin tugtar aghaidh ar an mbealach is fearr le haghaidh a thabhairt ar chomhéigean agus sracadh gnéasach ar líne leanaí i gcomhthéacs na gclár Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). Tá na modúil ar shábháilteacht phearsanta, folláine mothúchán, agus caidrimh agus gnéasacht ábhartha go háirithe d'fholláine agus do chosaint leanaí.

Is ceart do scoileanna cur chuige gníomhach a ghlacadh chun an caighdeán cúraim atáthar ag súil uathu a chomhlíonadh agus é sin a dhéanamh trí oideachas a chur ar scoláirí agus beartais agus nósanna imeachta láidre, a ndearnadh taighde maith orthu a bheith i bhfeidhm acu. Faoi na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile, 2017, iarrtar ar scoileanna Ráiteas Cosanta Leanaí a scríobh agus a chur ar taispeáint. Ráiteas scríofa é sin ina sonraítear na nósanna imeachta atá i bhfeidhm lena chinntiú go gcosnaítear leanaí ó dhíobháil. Éilítear sna nósanna imeachta sin go mbeidh ainm an Teagmhálaí Ainmnithe agus an duine ionaid scríofa sa Ráiteas Cosanta Leanaí agus gur cheart go mbeadh an ráiteas ar taispeáint in áit fheiceálach, gar do phríomhdhoras isteach na scoile.


### Folláine

Tá sé an-tábhachtach go gcruthódh scoileanna timpeallacht thacúil do scoláirí ar íospartaigh de chomhéigean agus sracadh gnéasach ar líne iad. Ba cheart go smaoineodh scoileanna ar dhul i ngleic le haon saincheisteanna a éiríonn trí fheachtais feasachta agus cláir chuí um oideachas caidrimh agus gnéasachta. Is féidir leis an tionchar a bhíonn ag comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne ar fholláine duine a bheith an-tromchúiseach. Má bhí baint ag ball den teaghlach nó ag cara leis na híomhánna gáirsiúla a chruthú/fháil, b'fhéidir nach mbeadh sé sábháilte don leanbh dul abhaile

Ar lean thall →








an tráthnóna sin. Ba cheart labhairt le Tusla agus leis na Gardaí agus ba cheart don scoil aird a thabhairt ar a gcomhairle. Má tá an scoláire trína chéile agus cráite moltar leas a bhaint as seirbhísí chomhairleoir na scoile, nuair is féidir.

### Dea-Chleachtas chun déileáil le nochtadh

Ba cheart go leagfaí amach sa bheartas na prótacail atá le leanúint i gcás nochtadh maidir le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne. Ba cheart go mbeadh cleachtais um chosaint leanaí sa nós imeachta a leanfar.

Seo na céimeanna ba cheart a ghlacadh má fhaigheann tú féin nó aon chomhalta foirne eile nochtadh ó scoláire maidir le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne:

**Uimh. 1** **Éist go tacúil leis an scoláire.** D'fhéadfadh leanbh a bhfuil nochtadh á dhéanamh aige a bheith trína chéile agus leochaileach. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí tús áite don leanbh i gcónaí agus nochtadh á fháil. Ba cheart go mbeadh an múinteoir a fhaigheann an nochtadh cúramach gan dochar a dhéanamh don mhuinín a léirigh an leanbh ann trí labhairt leis. Tá sé tábhachtach, áfach, go mbíonn an múinteoir soiléir go mbeidh gá an Teagmhálaí Ainmnithe a chur ar an eolas. Ba cheart go n-éistfeadh an múinteoir, gan aon bhreith a thabhairt ar a bhfuil á rá ag an leanbh.

**Uimh. 2** **Taifead an nochtadh, i bhfocail an linbh féin.** Is é ról an mhúinteora tacú leis an scoláire, in ionad an eachtra a fhiosrú. Níor cheart an leanbh a cheistiú seachas má tá na sonraí a thugann sé/sí doiléir. Ba cheart don mhúinteoir ceisteanna oscailte a chur agus treoircheisteanna a sheachaint.


**Uimh. 3** **Cuir an Teagmhálaí Ainmnithe, tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí agus na Gardaí ar an eolas.** Tá sé tábhachtach a rá nach mór GACH ábhar imní faoi dhrochúsáid ghnéasach, lena n-áirítear sracadh gnéasach, a chur isteach mar thuarascáil faoi shainordú chuig Tusla. Nuair a fhaigheann múinteoir nochtadh, is é a chéad phointe teagmhála ná Teagmhálaí Ainmnithe na scoile. Ba cheart don mhúinteoir cuntas maidir leis an nochtadh a chur ar aghaidh chuig an Teagmhálaí Ainmnithe, atá freagrach as a chinntiú go leantar nósanna imeachta maidir le tuairisciú. Cuirfidh an Teagmhálaí Ainmnithe agus an múinteoir an cás ar aghaidh ansin chuig na Gardaí i gcomhair imscrúdú agus cuirfidh siad comhthuarascáil maidir leis an nochtadh faoi bhráid Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Ba cheart a insint do thuismitheoirí an linbh go bhfuil tuarascáil maidir lena leanbh á cur i dtoll a cheile, sin mura gcuirfidh a leithéid de rud an leanbh i mbaol breise díobhála. Glacfaidh an Teagmhálaí Ainmnithe, seachas an múinteoir lena mbaineann, an cúram maidir leis na tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí a chur ar an eolas. Ba cheart don Teagmhálaí Ainmnithe taifead a dhéanamh i gcónaí den bhealach ar láimhseáladh an nochtadh, ag tabhairt sonraí maidir le haon tuairiscí/atreoruithe a rinneadh. I gcás ina bhfuil amhras ar bith ar an Teagmhálaí Ainmnithe faoi nósanna imeachta tuairiscithe ba cheart don Teagmhálaí Ainmnithe comhairle Tusla a lorg.

**Uimh. 4** **Cinntigh go bhfaigheann an leanbh an tacaíocht riachtanach.** Is dóigh go mbeidh an leanbh trína chéile agus go dteastóidh tacaíocht thréadach uaidh nó uaithi nuair a bheidh an nochtadh á dhéanamh aige/aici agus ina dhiaidh sin. Ba cheart don mhúinteoir an scoláire a chur ar aghaidh chuig treoirchomhairleoir, séiplíneach agus córas cúraim thréadaigh na scoile. B'fhéidir gur mhaith leis an scoil a mheabhrú don leanbh freisin go bhfuil seirbhísí Líne Chabhrach na Leanaí ar fáil (Teileafón: 1800 66 66 66, Téacs: 50101).

## Atreoruithe

Tá ról tacúil, ní imscrúdaitheach, ag an scoil agus í ag dul i ngleic le heachtraí ina mbíonn scoláire ina íospartach mar gheall ar chomhéigean agus sracadh gnéasach ar líne. Ba cheart a lua go soiléir i mbeartais scoile, de réir *Tús Áite do Leanaí* agus *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, go gcuirfear gach eachtra a bhaineann le híomhánna gáirsiúla leanaí ar aghaidh chuig na Gardaí agus chuig Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Ba cheart go lorgódh pearsanra scoile a gcomhairle dlí féin, a luaithe agus is féidir, go háirithe faoi conas aon fhianaise a d'fhéadfaí a chur faoina mbráid a láimhseáil. D'fhéadfadh sé bheith úsáideach do scoileanna tagairt a dhéanamh dá gcomhlacht bainistíochta (e.g. Bord Oideachais agus Oiliúna, Comhchoiste na mBainisteoirí, Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha) mar fhoinse tacaíocht dlí. Ní comhairle dlí atá san fhaisnéis atá sa cháipéis seo.



## Atreoruithe chuig gníomhaireachtaí eile

1. **Cuir na Gardaí ar an eolas.** Ba cheart go n-atreoródh scoileanna gach cás chuig na Gardaí, a bhfuil acmhainní níos fearr acu le cinneadh ar tharla cion agus chun fiosrúchán a dhéanamh.

2. **Téigh i gcomhairle le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.**
Beidh gá comhairle a fháil ó Tusla maidir le tacaíocht a thabhairt do na scoláirí atá i gceist. Má tá amhras ort go ndearnadh drochúsáid ghnéasach ar leanbh, caithfidh an múinteoir atá cláraithe agus an Teagmhálaí Ainmnithe tuarascáil faoi shainordú a chur isteach le chéile chuig Tusla agus an cás a chur ar aghaidh chuig na Gardaí freisin i gcomhair imscrúdú.

3. **Cuir tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí ar an eolas.** Caithfear an chumarsáid sin a láimhseáil go goilliúnach agus a bhainistiú go stuama. B'fhéidir nach raibh a fhios ag tuismitheoirí go raibh a leanbh i gcaidreamh ar líne nó b'fhéidir gur chuir siad cosc iomlán ar a leanbh a bheith ag gabháil do chaidreamh rómánsúil. Mínigh do na tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí go bhféadfadh tuilleadh tacaíochta a bheith ag teastáil ón leanbh agus déan cinnte go bhfuil a fhios ag na tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí conas teacht ar an tacaíocht riachtanach.

4. **Téigh i dteagmháil le hotline.ie.** Is féidir tuairisc faoi phornagrafaíocht leanaí nó íomhánna/físeáin ina dtaispeántar gníomhaíocht mhídhleathach eile a thabhairt do hotline.ie. Tá uirlisí ag gach soláthróir seirbhíse idirlín, lena n-áirítear seirbhísí meán sóisialta, ar féidir leas a bhaint astu chun tuairisc a thabhairt faoi ábhar mídhleathach agus chun é a bhaint. Tá gach ábhar atá laistigh den sainmhíniú ar pornagrafaíocht leanaí mídhleathach agus bainfear é. Cuireann formhór na seirbhísí meán sóisialta cosc freisin ar chomhroinnt neamhthoilteanach ábhar dlúthphearsanta agus bainfidh siad é nuair a inseofar dóibh go bhfuil a leithéid ann.





# Fonótaí

1. O'Neill, B. & Dinh, T. (2015). *Net Children Go Mobile: Full findings from Ireland*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 4.
2. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar agus Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí, *"Online sexual coercion and extortion as a form of crime affecting children – Law Enforcement Perspective,"* (2017), 9. Ar fáil ag: europol.europa.eu/sites/default/files/documents/online_sexual_coercion_and_extortion_as_a_form_of_crime_affecting_children.pdf
3. Is corparáid neamhbhrabúis é an Lárionad Náisiúnta do Leanaí ar Iarraidh agus Leanaí a ndéantar Dúshaothrú Orthu, agus tá sé mar mhisean acu cabhrú chun leanaí atá ar iarraidh a chuardach, sracadh gnéasach ar leanaí a laghdú agus íospairt leanaí a chosc. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag missingkids.com/About
4. Cuireann CyberTipline ar chumas soláthraithe seirbhíse poiblí agus leictreonaice tuairisc a thabhairt ar eachtraí ar líne (agus trí uimhreacha saorghlao) de mhealladh leanaí ar líne ina ndéantar gníomhartha gnéasacha, ainteagmháil ghnéasach leanaí seach-theaghlaigh, pornagrafaíocht leanaí, turasóireacht ghnéis leanaí, gáinneáil ghnéis ar leanaí, ábhar gháirsiúla gan iarraidh a sheoltar chuig leanbh, ainmneacha fearainn míthreoracha agus focail nó íomhánna digiteacha míthreoracha ar an idirlíon.
5. Janos Wolak agus David Finkelhor, *"Sextortion: findings from a survey of 1,631 victims,"* (2016). Ar fáil ag: missingkids.org/en_US/documents/2016_Crimes_Against_Children_Research_Center_-_Sextortion_Research.PDF
6. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar agus Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí, (2017), 10
7. *Ibid.*, 13
8. *Ibid.*, 11
9. *Ibid.*, 12
10. *Ibid.*, 12
11. Tuarascáil Brookings, *"Sextortion: Cybersecurity, teenagers, and remote sexual assault,"* (2016). Ar fáil ag: brookings.edu/wp-content/uploads/2016/05/sextortion1-1.pdf
12. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar agus Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí, (2017), 14
13. *Ibid.*, 14
14. Cuid den fhaisnéis ar fáil ag: nationalcrimeagency.gov.uk/news/960-help-available-for-webcam-blackmail-victims-don-t-panic-and-don-t-pay Comhroinneadh faisnéis bhreise ar chás-sonraí 2016 le EC3 (Lárionad Cibearchoireachta na hEorpa) nuair a iarradh í.
15. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar agus Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí, (2017), 14-15
16. *Ibid.*, 16
17. *Ibid.*, 17
18. *Ibid.*, 17-18
19. *Ibid.*, 18
20. *Ibid.*, 21
21. citizensinformation.ie/en/justice/criminal_law/criminal_offences/public_order_offenses_in_ireland.html
22. An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, *"Harmful Communications and Digital Safety,"* (2016). Ar fáil ag: lawreform.ie/_fileupload/Final%20Report%20on%20Harmful%20Communications%20and%20Digital%20Safety%2021%20Sept%20PM.pdf


## Saothair Luaite

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar agus Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí, *"Online sexual coercion and extortion as a form of crime affecting children – Law Enforcement Perspective,"* (2017). Ar fáil ag: europol.europa.eu/sites/default/files/documents/online_sexual_coercion_and_extortion_as_a_form_of_crime_affecting_children.pdf

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, *"Harmful Communications and Digital Safety,"* (2016). Ar fáil ag: lawreform.ie/_fileupload/Final%20Report%20on%20Harmful%20Communications%20and%20Digital%20Safety%2021%20Sept%20PM.pdf

O'Neill, B. & Dinh, T. *"Net Children Go Mobile: Full findings from Ireland."* (2015). Baile Átha Cliath: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ar fáil ag: www.arrow.dit.ie/cserrep/55/

# Acmhainn OSPS



## Taisceadáin

Dírítear san acmhainn *Bí in Ctrl* ar chomhéigean agus sracadh leanaí ar líne a dhéanann daoine fásta ach is féidir le hiompar den chineál seo a bheith ar siúl i dtimpeallacht daoine óga atá ar comhaois leo freisin.

Is acmhainn OSPS é Taisceadáin a d'fhorbair Webwise chun scoláirí sa dara agus sa tríú bliain a chur ag caint faoin topaic a bhaineann le híomhánna gáirsiúla a chruthaigh siad féin a chomhroinnt agus ar chomhroinnt neamhthoilteanach íomhánna. Áirítear dhá bheochan ghearra ardchaighdeáin a ghabhann le sé phlean ceachta agus faisnéis do cheannairí scoile san acmhainn.

Comhlánaíonn an acmhainn *Bí in Ctrl* Taisceadáin agus díríonn an dá acmhainn ar oideachas a chur ar dhaltaí faoi iompar iomchuí ar líne agus ar chultúr a fhorbairt ina dtugtar tuairisc faoi ábhair imní agus ina gcothaítear ionbhá, ómós agus neart ag an am céanna. Moltar go n-úsáidfí Taisceadáin sa rang OSPS sula n-úsáidtear an acmhainn *Bí in Ctrl*.

Is féidir Taisceadáin a ordú agus a íoslódáil ó www.webwise.ie/lockers

## Clár Scoileanna na nGardaí

### Réamhtheachtaí féideartha i gcomhair an chláir sin is ea iarraidh ar na Gardaí an chéad cheacht, an chaint faoi *Bí in CTRL* a sholáthar, mar chuid de Chlár Scoileanna na nGardaí.

Cuireann Clár Scoileanna na nGardaí faisnéis ar fáil do dhaoine óga maidir le húsáid substaintí, sábháilteacht phearsanta agus cibearshábháilteacht. Baintear é seo amach nuair a thugann Gardaí cuairt ar an seomra ranga agus iad i mbun plé leis na scoláirí. Tá Clár Scoileanna na nGardaí ina chuid chomhtháite den chlár OSPS.

Is féidir leis an múinteoir OSPS ceacht a haon den acmhainn seo a úsáid sa seomra ranga. Mar sin féin, ceapadh é freisin ionas go dtabharfadh Gardaí é do scoláirí na sraithe sóisearaí sa rang OSPS a dtabharfaidh siad cuairt orthu. Is é lárphíosa an cheachta seo an scannán *Say No!* a léirigh Europol ina dtugtar scéalta beirt déagóirí ar chuir comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne a rinne daoine fásta isteach orthu. Tugtar deiseanna i gcomhair machnaimh agus plé sa cheacht agus é mar aidhm insint do scoláirí gur coir é comhéigean agus sracadh gnéasach leanaí ar líne, feasacht a ardú faoi iompar sábháilte ar líne agus lorg cúnaimh agus tuairisciú a chur chun cinn.

## Teacht ar Chainteanna Scoileanna na nGardaí faoi Bí in Ctrl

Chun eolas a fháil faoi conas teacht ar an gcaint seo, déan teagmháil le stáisiún na nGardaí is gaire duit, nó le Clár Scoileanna na nGardaí, Biúró an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

**Labhair linn:** 01 6663891 — schoolsprogramme@garda.ie

## Comhtháthú Curaclaim

Is é an bealach is fearr chun dul i ngleic le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne leanaí ná i gcomhthéacs an ranga OSPS, agus níos sonraithe fós sna ceachtanna a chaitheann leis an topaic maidir le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus/nó Sábháilteacht Phearsanta.

Cé go bhfuil an curaclam OSPS agus raon acmhainní eile ar fáil chun saincheisteanna sonracha a chur chun cinn, tá gá leanúnach le haghaidh acmhainní cothrom le dáta a fhreagraíonn do bhagairtí ar shábháilteacht scoláirí. Téann an acmhainn seo i ngleic le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne. Mapáiltear í de réir churaclam OSPS na Sraithe Sóisearaí agus tá sí le húsáid le scoláirí sa dara agus sa tríú bliain. Mar sin féin, níor cheart go gcuirfeadh an mhapáil seo de réir an churaclaim srian ar an múinteoir. Táthar ag súil go mbeifear in ann an acmhainn seo a chur in oiriúint lena húsáid le scoláirí na Sraithe Sinsearaí.

Ó mhí Meán Fómhair 2017 beidh réimse nua foghlama dar teideal Folláine mar chuid de churaclam na sraithe sóisearaí. Cuimsítear leis deiseanna foghlama chun cur le folláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta an scoláire. Cuireann sé ar chumas an scoláire scileanna saoil a fhorbairt agus braistint láidir cheangailteachta a fhorbairt leis an scoil agus lena phobal. Is iad na ceithre réimse den Fholláine sa tsraith shóisearach ná Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP), Corpoideachas agus Treoir.







'Soláthraíonn OSPS deiseanna teagaisc agus foghlama a bhaineann go díreach leis an tsláinte agus leis an bhfolláine. Trí leas a bhaint as modheolaíochtaí eispéireasacha lena n-áirítear grúpobair, tá sé d'aidhm ag OSPS tuiscint dhearfach an scoláire air féin agus ar a shláinte agus ar a fholláine fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus spioradálta a fhorbairt. Tá sé d'aidhm aige freisin cumas an scoláire a thógáil caidrimh fholláine a fhorbairt agus a choinneáil. Trí staidéar a dhéanamh ar ghnéithe de OSPS, bíonn an t-am ag an scoláire díriú ar scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt lena n-áirítear féinbhainistíocht, cumarsáid, straitéisí déileála, agus fadhbréiteach.' (Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach, CNCM, 2017: 47).

Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ina ghné lárnach de OSPS na sraithe sóisearaí agus é mar aidhm leis 'deiseanna struchtúrtha [a thabhairt] do dhaltaí chun eolas agus tuiscint ar chaidrimh dhaonna agus ar ghnéasacht a fháil trí bhíthin próisis a chuirfidh ar a gcumas luachanna agus modhanna iompair a mhúnlú laistigh de chreatlach morálta, spioradálta agus sóisialta.' (CNCM, 2017: 47).

'Ag an aois sin, faigheann scoláirí go leor faisnéise ar ghnéas, gnéasacht agus caidrimh ó fhoinsí éagsúla. Tugann OCG an comhthéacs inar féidir leis an scoláire foghlaim faoi na saincheisteanna fisiciúla, sóisialta, mothúchánacha agus morálta a bhaineann le caidrimh, sláinte ghnéis, gnéasacht agus féiniúlacht inscne, lena n-áirítear cén áit ar féidir leo teacht ar fhaisnéis iontaofa.' (CNCM, 2017: 47).

Ní mór do scoileanna OCG a mhúineadh mar chuid de OSPS i ngach bliain de chlár OSPS na sraithe sóisearaí (Ciorclán 0037/2010 agus Ciorclán 0015/2017).



Socraíonn na scoileanna conas OSPS a chur i bhfeidhm mar chuid de chlár Folláine na sraithe sóisearaí. Tá siad seo a leanas i measc na roghanna atá ar fáil:

- 70 uair an chloig roinnte idir an chéad bhliain, an dara bliain agus an tríú bliain bunaithe ar Chreat OSPS reatha na sraithe sóisearaí
- 100 uair an chloig roinnte idir an chéad bhliain, an dara bliain agus an tríú bliain bunaithe ar Ghearrchúrsa OSPS
- Gearrchúrsaí OSPS arna bhforbairt i scoileanna ar feadh 70 uair an chloig ar a laghad
- Aonaid níos giorra bunaithe ar thorthaí foghlama roghnaithe ó ghearrchúrsa CNCM, ar feadh 70 uair an chloig ar a laghad

## Mapáil Curaclaim

Tá baint ag an acmhainn seo le hábhar an churaclaim OSPS. Tugtar solúbthacht don scoil maidir le cathain agus conas an acmhainn *Bí in Ctrl* a úsáid. Táthar ag súil go mbeifear in ann an acmhainn a chur in oiriúint lena húsáid le scoláirí na Sraithe Sinsearaí. Déanfar comhlánú agus comhdhlúthú ar an obair a rinneadh sna réimsí seo a leanas nuair a chuirfear an acmhainn seo i bhfeidhm:



## Creat OSPS na Sraithe Sóisearaí

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta: An Dara Bliain

3 – Piarbhrú agus tionchair eile
4 – Caidrimh a bhainistiú
5 – Cinnteoireacht iontaofa
6 – Sláinte agus sábháilteacht phearsanta

Sábháilteacht Phearsanta: An Dara Bliain
2 – Braistint faoi Bhagairt

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta: An Tríú Bliain
3 – Caidrimh – an ghné atá tábhachtach
4 – Meas, cearta freagrachtaí
5 – Coinbhleacht

Sábháilteacht Phearsanta: An Tríú Bliain
1 – Socruithe baolacha a aithint
3 – Gníomhaireachtaí cabhrach

## Gearrchúrsa OSPS

Snáithe 3: Dul i bpáirt le chéile

An Raon Caidrimh
3.4 – Na tionchair dhifriúla ar chaidrimh agus ar leibhéil dlúthchaidrimh a mhíniú

3.5 – Anailís a dhéanamh ar dheacrachtaí caidrimh a bhíonn ag daoine óga

Gnéasacht (Collaíocht), Féiniúlacht Inscne agus Sláinte Ghnéis
3.8 – Scileanna cumarsáide treallúsaí a thaispeáint chun tacú le cinnteoireacht fhreagrach, eolach faoi chaidrimh agus faoi shláinte ghnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de

B'fhéidir go dteastódh tacaíocht bhreise ó scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu chun an acmhainn seo a thuiscint (féach Aguisín 3). Ba cheart cur ar a gcumas teanga atá oiriúnach do chásanna ar leith a thuiscint agus a úsáid agus ba cheart gach deis a thabhairt dóibh an fhoghlaim a chur ina comhthéacs feidhmiúil.

Ba cheart aird speisialta a thabhairt nuair a bhítear ag obair le daoine óga an-leochaileach agus ar fhulaing roinnt acu cásanna an-dona de mhí-úsáid ghnéasach. Teastóidh dearcadh nó freagra difriúil i gcás na leanaí sin agus ba cheart do dhuine a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha aige nó aici an obair sin a dhéanamh.

I leanúntas shamhail tacaíochta na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais tá an acmhainn seo sa chatagóir 'Tacaíocht do Chách'. Ach faraor, tá i bhfad an iomarca leanaí gortaithe agus leochaileacha i gcuid mhaith scoileanna timpeall na tíre; ní mór do mhúinteoirí a bheith aireach air sin nuair a bhíonn comhéigean agus sracadh gnéasach leanaí ar líne á phlé acu.

## Treoirlínte maidir le dea-chleachtas

Déileáiltear le saincheisteanna íogaire sna ceachtanna seo agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar fholláine na scoláirí i do rang. Ar an gcúis sin, moltar do mhúinteoirí go mbeadh an Tús Eolais ar OSPS agus cúrsaí oiliúna OCG na Sraithe Sóisearaí de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) curtha i gcrích acu sula gcuireann siad na ceachtanna seo os comhair na scoláirí.

## Sula dtosaítear na ceachtanna ba cheart duit mar mhúinteoir:

- Seiceáil riocht mothúchánach na scoláirí roimh gach ceacht agus ina dhiaidh. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí fhiafraí de na scoláirí conas a mhothaíonn siad faoin ábhar atá le hiniúchadh roimh an gceacht, agus ansin fiafraí díobh ar athraigh a gcuid mothúchán ag deireadh an cheachta. D'fhéadfá cluiche a úsáid freisin a chuideoidh leis na scoláirí teanntás a dhéanamh chun riocht mothúchánach na scoláirí a sheiceáil.
- Bíodh neart eolais agat ar Ráiteas Cosanta Leanaí na scoile agus cloígh leis na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí i gcásanna ina ndéanann scoláirí nochtaí. Ní mór go dtuigfeadh na scoláirí na teorainneacha a bhaineann le rúndacht.
- Bíodh aithne mhaith agat ar do scoláirí agus bí eolach ar aon fhadhbanna féideartha a d'fhéadfadh a bheith acu sula dteagascann tú gach ceacht. Bí eolach ar na tacaí uile atá ar fáil duitse agus do na scoláirí i do scoil.
- Tabhair eolas do do scoláirí faoi na tacaí atá ar fáil dóibh agus leag béim ar conas is féidir teacht ar gach taca. Tabhair amach an liosta tacaí atá in Aguisín 4 agus tarraing aird na scoláirí ar na hacmhainní seo.
- Déan teagmháil leis an treoirchomhairleoir, leis an bhfoireann tréadchúraim nó le teagascóir ranga sula dtosaíonn tú ag úsáid na gceachtanna seo.
- Fág am le haghaidh mioncheistiú ag deireadh na gceachtanna. Is féidir go dtógfadh na gníomhaíochtaí molta níos mó ama ná atá léirithe. Tá fáilte romhat gníomhaíochtaí a athrú agus a fhágáil ar lár chun a chinntiú go dtugann tú aghaidh ar shainriachtanais do ranga.
- Pléigh ábhar na gceachtanna sin leis an bhfoireann OSPS i do scoil. Is féidir nach bhfuair gach duine díobh oiliúint faoi conas na ceachtanna sin a sholáthar nó faoi conas OSPS a theagasc.
- Cinntigh go bhfuil an príomhoide agus na tuismitheoirí eolach ar na ceachtanna agus ar an gclár OCG agus ar an uair a theagascfar é sa scoil. Tá sé de cheart ag tuismitheoirí iarraidh nach bhfreastalódh scoláire ar cheachtanna ar an mbunús nach n-aontaíonn siad leis an ábhar. Tá litir shamplach chuig tuismitheoirí faoi iamh in Aguisín 7.
- Leag bunrialacha síos maidir le hiompar sa seomra ranga agus le béasaíocht sula ndéanann tú iarracht tús eolais a thabhairt ar na hábhair íogaire a bpléitear leo sna ceachtanna seo. Féach ar Aguisín 1 le haghaidh bunrialacha samplacha.
- Tabhair am do scoláirí leibhéal na litearthachta mothúchánaí atá ag teastáil chun an t-ábhar ar fad a úsáid a fhorbairt. Moltar gan tús eolais a thabhairt ar an ábhar seo go dtí go bhfuil a scileanna litearthachta mothúchánaí forbartha ag scoláirí sa mhodúil Folláine Mothúchán i gCreat OSPS na Sraithe Sóisearaí agus Snáithe 1: Cé mise? Sa Ghearrchúrsa OSPS.
- Cuir naisc láidre baile/scoile chun cinn. Mar gheall ar an méid ama a chaitheann daoine óga sa bhaile, tá sé tábhachtach go mbeadh tacaíocht ann ó thuismitheoirí maidir le hiompar iomchuí a atreisiú ar líne. Cuireann Webwise tacaíochtaí breise ar fáil chun cuidiú le tuismitheoirí labhairt go muiníneach lena gcuid leanaí faoi na buntáistí agus rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht ar líne, lena n-áirítear *Treoir do Thuismitheoirí maidir le hIdirlíon Níos Fearr* atá ar fáil le híoslódáil ar www.webwise.ie/parents




## Treoirlínte dea-chleachtais do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

- D'fhonn a chinntiú go bhfuil na ceachtanna seo inrochtana do gach scoláire moltar don mhúinteoir OSPS dul i gcomhairle agus oibriú leis an rannán Riachtanais Speisialta Oideachais. D'fhéadfaidís comhairle a thabhairt a bhaineann le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i dtéarmaí difreála, rud a chinnteoidh dá réir sin gur féidir leis na scoláirí an t-ábhar a rochtain, a bheith rannpháirteach sna ceachtanna agus leas a bhaint as tuiscint iomlán. Tá sé sin riachtanach toisc gur féidir le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith leochaileach go háirithe.
- Ba cheart aird chuí a thabhairt ar phleanáil i gcomhair difreála sula gcuirtear na ceachtanna ar fáil. B'fhéidir go mbeadh gá an fhoclaíocht a mhúineadh roimh ré do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu lena chinntiú go mbeidh tuiscint iomlán acu ar an ábhar. Tugtar stór focal de fhocail mholta ar mhaithe le soiléire agus inrochtaineacht do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Forbraíodh gach bileog oibre san acmhainn seo ar mhaithe le difreáil a dhéanamh.
- Ba cheart go mbeadh cur amach ag na múinteoirí ar na treoirlínte OSPS do scoláirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ginearálta acu ag www.sphe.ie/downloads/pdst_resources/PP_SPHE.pdf. 'Déantar iniúchadh in OSPS freisin ar fhás, ar athrú, agus ar shaincheisteanna sábháilteachta agus pearsanta. Is rud tábhachtach é sin do scoláirí a bhfuil míchumas éadrom ginearálta foghlama acu, a mbíonn deacracht acu cásanna sóisialta a leanúint rud a fhágann níos leochailí iad do mhí-úsáid agus do dhúshaothrú. Is rud bunúsach é forbairt scileanna cúraim phearsanta nuair atá daoine á gcur féin i láthair daoine eile. Teastaíonn go leor oibre sa réimse seo ó na scoláirí seo, agus moltar pleanáil chúramach a dhéanamh le haghaidh an rannáin seo, i gcomhthéacs OCG.'
- D'fhéadfadh cúrsa na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta, 'Puberty, Relationships and Sexuality for Students with Autism', a bheith mar oiliúint ábhartha le haghaidh roinnt múinteoirí.



- B’fhéidir go gcaithfí dul i gcomhairle le tuismitheoirí scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sula dtosaítear na ceachtanna. Má tá Cúntóir Riachtanas Speisialta ag an scoláire, caithfear ról agus freagracht an Chúntóra a shainiú go soiléir.
- Nuair a bheifear ag leagan síos bunrialacha do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, is fiú na bunrialacha sin a léiriú ar bhonn amhairc. Seachas liosta rialacha a fhorbairt, b’fhéidir go mb’fhearr a rá le scoláirí pictiúir a tharraingt chun an t-iompar a bhfuiltear ag súil leis uathu a thaispeáint.
- Tá sé an-tábhachtach na céimeanna go léir a leanúint ar conas cúnamh a fháil, go háirithe má tá drochscileanna sóisialta agus cumarsáide ag na scoláirí. Cuimhnigh go bhféadfadh sé nach bhfuil inniúlacht mhothúchánach a gcomhscoláirí ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go bhféadfaidís a bheith an-leochaileach do dhúshaothrú agus nach mór a gcuid cásanna a leanúint agus a phlé athuair dá bharr sin.
- Ba cheart acmhainní breise teagaisc atá molta chun tacú le riachtanais foghlama aonair scoláirí a úsáid de réir na dtreoirlínte a chuirtear ar fáil i gCiorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna Uimh. 0014/2017 atá ar fáil ag www.sess.ie/sites/default/files/inline-files/cl0014_2017.pdf







# Ceacht 1

## Is Coir é Comhéigean agus Teacht i dTír Gnéasach ar Líne

**Croí-choincheap:**
Tugtar deis do scoláirí sa cheacht seo a aithint gur coir é comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne a dhéanamh ar leanaí, feasacht a ardú faoi chumarsáid shábháilte ar líne, agus lorg cúnaimh agus tuairisciú a chur chun cinn.

Is féidir leis an múinteoir OSPS an ceacht seo a úsáid sa seomra ranga nó is féidir le Gardaí a thugann cuairt ar scoláirí na sraithe sóisearaí sa rang OSPS é a úsáid. Chun eolas a fháil faoi conas teacht ar an gcuairt seo, déan teagmháil le stáisiún na nGardaí is gaire duit, nó le Clár Scoileanna na nGardaí.

### Torthaí Foghlama:
Beidh na scoláirí in ann comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne a thuiscint agus a shainiú, agus tosóidh siad ag déanamh machnaimh ar conas is féidir leo iad féin a chosaint ar líne agus na céimeanna is féidir a ghlacadh nuair a chuireann an choir seo isteach ar dhaoine óga.

### Naisc churaclaim:
Creat OSPS na Sraithe Sóisearaí: Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta; Sábháilteacht Phearsanta

Gearrchúrsa OSPS: Snáithe 3: Dul i bpáirt le chéile – An Raon Caidrimh; Gnéasacht (Collaíocht), Féiniúlacht Inscne agus Sláinte Ghnéis

### Acmhainní a theastaíonn:
Cur i Láthair PowerPoint le físeán de *Say No!* (ar fáil ag www.webwise.ie/beinctrl), bileoga oibre 1.1, 1.2 agus 1.3, stór focal réamh-theagaisc i gcomhair riachtanas speisialta oideachais agus sampla de rúibric iartheagaisc, cláir bhána/páipéar agus marcóirí (roghnach).

### Teicneolaíochtaí digiteacha a leabú
Is féidir le scoileanna a bhfuil fáil acu ar fhearais dhigiteacha (e.g. táibléid, ríomhairí glúine, fóin) freagraí na scoláirí a ghabháil ar bhileoga oibre ábhartha ag úsáid uirlisí gréasán-bhunaithe éagsúla (e.g. Padlet, Mentimeter, etc,).

Tarraingítear aird ar na deiseanna i dtaca leis sin leis an lógó.

### Modheolaíochtaí
Smaoinigh-beirteanna-roinnigí, físanailís, grúpobair, plé, machnamh/cur i bhfeidhm

### An ceacht seo a oiriúnú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu:
Ag brath ar an gcineál riachtanais atá ag an scoláire, b’fhéidir go mbeadh gá ceachtanna tiomnaithe a thabhairt don scoláire roimh an gceacht seo d’fhonn an teanga chasta a bhaineann leis an ábhar a dhíchódú agus a mhíniú. Má tá míchumas foghlama ginearálta measartha ag scoláire, d’fhéadfadh deacracht a bheith aige teanga cosúil le ‘comhéigean’ agus ‘teacht i dtír’ agus ‘sracadh’ a thuiscint. Tugtar stór focal d’fhocail mholta (féach Aguisín 2) mar ghníomhaíocht réamh-theagaisc a bheidh le comhlánú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is é is aidhm leis sin na croí-choincheapa a bhaineann le comhéigean, sracadh agus teacht i dtír a nochtadh agus ciallaíonn sé sin dá réir sin go mbeidh an teanga níos intuigthe. Moltar go ndéanfaí meastóireacht ar an stór focal i ndiaidh an teagaisc chun foghlaim an scoláire a atreisiú, tá rúibric shamplach (féach Aguisín 3) a úsáidfidh tú dó seo san áireamh freisin.

Tugtar bileoga oibre difreáilte (leaganacha ‘a’) chun cuidiú le scoláirí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu lena gcuimhne nó atá mall ag próiseáil rudaí agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as na príomhphointí. D’fhéadfadh deacracht a bheith ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu léamh os ard, ná cuir brú ar scoláirí aonair léamh os ard.

D’fhéadfadh sé nach bhfuil aon bhreithiúnas sóisialta ag roinnt déagóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus d’fhéadfadh deacracht a bheith acu an difríocht idir rud atá ceart agus rud atá mícheart a thuiscint nó ar an gcoiriúlacht a bhaineann le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne leanaí. Tá sé sin tábhachtach go háirithe toisc nach mór do na scoláirí seo na scileanna a fhorbairt chun iad féin a chosaint. Tugann an tSeirbhís Tacaíochta d’Oideachas Speisialta oiliúint in Social Stories™ www.sess.ie/course/social-storiestm




## Nóta don mhúinteoir

**Moltar na treoirlínte dea-chleachtais a léamh sula dtugtar faoin gceacht.** Sula dtugtar faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí atá san acmhainn seo, tá sé tábhachtach go leagfá síos bunrialacha soiléire leis an rang agus go gcreideann na scoláirí gur timpeallacht oscailte chineálta é an rang OSPS. Tóg d'am ag tabhairt cuntais ar na tacaíochtaí atá ar fáil do scoláirí (laistigh agus lasmuigh den rang), i gcás ina bhfuil aon cheann de na saincheisteanna a pléadh sa rang ag cur isteach orthu agus go gcaithfidh siad labhairt le duine éigin. **Tarraing aird ar an gcaoi má thugann aon duine le fios go bhfuil drochúsáid nó gníomhaíocht ghnéasach faoi aois ag tarlú, go mbeidh sé de dhualgas ort tuairisc maidir leis sin a thabhairt don Teagmhálaí Ainmnithe (an Príomhoide de ghnáth).** Is fearr gan cásanna a bhfuil cur amach ag na scoláirí orthu a phlé. B'fhearr an plé a dhíriú ar scéal Anna agus George a chuirtear i láthair sna ceachtanna.





# Cur i Láthair ó Gharda/Mhúinteoir agus Script Gníomhaíochta

### Sleamhnán 1 – Sleamhnán Teidil

### Sleamhnán 2 – Comhéigean agus Sracadh Gnéasach ar Líne

Díreofar i gceacht an lae inniu ar chomhéigean agus teacht i dtír gnéasach ar líne ar leanaí. Is é is aidhm leis an gceacht seo insint duit gur coir é an t-iompar seo agus feasacht a ardú faoi conas thú féin a chosaint ar líne, cá bhfaighidh tú cúnamh agus tacaíocht, agus chun Smacht – Ctrl! – a thabhairt duit.

Tarlaíonn sé seo nuair a iarrann duine éigin nár bhuail an duine óg leis ach ar líne le haghaidh grianghraif agus/nó físeáin ghnéasacha, nó go ndéanfadh an duine óg gníomh gnéasach os comhair ceamara gréasáin. Bagraíonn siad go bpostálfaidh siad na híomhánna nó na físeáin ar an idirlíon nó go roinnfidh siad iad le cairde/gaolta mura seolann an duine óg tuilleadh íomhánna nó mura n-íoctar airgead.

**Is coir é seo – glaoitear comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne air.**

Is é is aidhm leis an gceacht seo a aithint gur coir é an t-iompar seo agus feasacht a mhéadú faoi conas thú féin a chosaint ar líne agus cá bhfaighidh tú cúnamh agus tacaíocht.

### Sleamhnán 3 – Gníomhaíocht Teanga Smaoinigh-Beirteanna-Roinnigí

Scaip bileog oibre 1.1 nó 1.1a.

Tabharfar deis do scoláirí sa ghníomhaíocht seo iniúchadh a dhéanamh ar an teanga a bhaineann leis an topaic seo agus tús eolais a thabhairt ar a bhfuil i gceist leis an gcoir agus an chaoi a ndíríonn ciontóirí ar dhaoine óga.

Iarr ar na scoláirí an bhileog oibre a chomhlánú ina n-aonar, agus ansin a gcuid freagraí a roinnt/nuashonrú lena gcomharsan.

Nuair a bheidh an ghníomhaíocht sin déanta ag na scoláirí, tabhair aiseolas ar na freagraí cearta ag úsáid shleamhnáin 3-6.

Tabhair am do na scoláirí a gcuid freagraí a thabhairt chun dáta de réir mar a thaispeánann tú sleamhnáin 3-6.

### Sleamhnán 4 – Cumarsáid ar Líne

Ciallaíonn cumarsáid ar líne an chaoi a labhraíonn daoine le chéile ag úsáid an idirlín, agus áirítear leis ríomhphost, feidhmchláir teachtaireachtaí, fóraim, seomraí comhrá agus láithreáin líonraithe shóisialta.

Áirítear WhatsApp nó Facebook Messenger etc. le samplaí.

### Sleamhnán 5 – Teacht i dTír Gnéasach ar Líne

Is ionann teacht i dtír gnéasach ar líne agus nuair a chuirtear iallach nó ina luí ar dhaoine óga íomhánna gnéasacha díobh féin a sheoladh nó a phostáil, a bheith páirteach i ngníomhartha gnéasacha trí cheamara gréasáin nó fón cliste, nó comhráite gnéasacha a bheith acu ar téacs nó ar líne.

D'fhéadfadh an duine a chuireann iallach nó ina luí ar dhuine óg é sin a dhéanamh a bheith sa tóir ar ábhar gnéasach nó airgead.

### Sleamhnán 6 – Comhéigean

Is ionann comhéigean agus nuair a chuirtear ina luí ar dhuine rud a dhéanamh trí fhórsa nó bagairtí a úsáid.

Nuair a bhíonn grianghraif/físeáin ghnéasacha de dhuine óg ag duine nár bhuail an duine óg leis ach ar líne, féadfaidh siad tuilleadh grianghraf/físeán nó airgead a éileamh, agus bagairt a dhéanamh na híomhánna a phostáil ar líne nó iad a roinnt le cairde/gaolta mura ndéanann an duine óg gach a n-iarrtar air a dhéanamh.

### Sleamhnán 7 – Sracadh

Is ionann sracadh agus rud éigin a fháil, go háirithe airgead nó maoin eile (cosúil le grianghraif/físeáin), trí fhórsa nó bagairtí.

Bagraíonn duine nár bhuail an duine óg leis ach ar líne go bpostálfaidh sé íomhánna gnéasacha den duine óg ar líne toisc go bhfuil siad ag iarraidh tuilleadh grianghraif/físeáin gháirsiúla a fháil nó go bhfuil siad ag iarraidh ar an duine óg airgead a íoc leo ionas nach bpostálfaidh siad na híomhánna.

## Sleamhnán 8 – *Abair Stop!* Físeán

Insítear scéal Anna agus George san fhíseán seo, beirt ar chuir an choir maidir le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne isteach orthu.

Seinn an físeán – fad reatha 10:35.

## Sleamhnán 9 – Gníomhaíocht Ghrúpdhíospóireachta

Scaip bileog oibre 1.2 nó 1.2a agus cuir na scoláirí i ngrúpaí beaga.

Tabharfaidh an ghníomhaíocht seo deis do scoláirí plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh Anna agus George iad féin a chosaint ar líne agus aird a tharraingt ar an gcaoi ar chuir siad a sábháilteacht agus a bhfolláine i mbaol. Spreagfaidh an ghníomhaíocht scoláirí freisin chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh Anna agus George cúnamh agus tacaíocht a fháil. Cuirtear béim sa cheist deiridh ar choiriúlacht an iompair sin.

Iarr ar na scoláirí an bhileog oibre a líonadh isteach ina gcuid grúpaí agus nuair a bheidh siad críochnaithe glac le haiseolas ón rang uile.

Iarr aiseolas ar ghrúpa amháin faoin gcaoi a bhféadfadh Anna í féin a chosaint ar líne, agus ansin fiafraigh de na grúpaí eile an bhfuil aon rud acu féin le cur leis.

Iarr aiseolas ar ghrúpa eile faoin gcaoi a bhféadfadh George é féin a chosaint ar líne, agus ansin fiafraigh de na grúpaí eile an bhfuil aon rud eile acu féin le cur leis.

Iarr aiseolas ar ghrúpa eile ar cad í an teachtaireacht lárnach ó na Gardaí, ansin fiafraigh de na grúpaí eile an bhfuil aon rud eile acu féin le cur leis.

Tabhair tuilleadh aiseolais faoin gcaoi ar féidir le daoine óga iad féin a chosaint ar líne agus cá bhfaighidh siad cúnamh agus tacaíocht ag úsáid shleamhnáin 9-11.

## Sleamhnán 10 – Thú féin a Chosaint ar Líne

Tá céimeanna simplí is féidir leat a ghlacadh chun thú féin a chosaint ar líne:

**Bí In:**

**Uimh.1** **Ctrl: Smacht** – Ná bíodh aon aiféala ort – Bíodh smacht agat ar gach rud a roinneann tú ar líne agus cé leis a roinneann tú é. Níl aithne i ndáiríre agat ar dhuine nach bhfuil eolas agat air ach ar líne amháin. Is féidir aon rud a sheolann tú chuig duine, a phostálann tú ar líne nó a dhéanann tú ar cheamara gréasáin a shábháil/thaifeadadh i ngan fhios duit. Is féidir na híomhánna sin a roinnt ansin in aon áit agus le haon duine.

**Uimh.2** **Iontaofa** – Cara carad? Ná glac le hiarratais ar chairdeas ó dhaoine nach bhfuil aithne agat orthu. Má deir duine ar líne gur cara le cara iad, bí cúramach – tá sé an-éasca grianghraif bhréige a phostáil nó físeán bréige a shruthú, iarr ar do chara ar bhuail siad leo i ndáiríre.

**Uimh.3** **Múscailt Meabhrach** – Bíodh aird agat ar do phróifíl ar líne – smaoinigh ar mar a fhéachann do phróifíl ar líne do dhaoine eile

**Uimh.4** **Suíomh** – Bí sábháilte thar aon rud eile – ná tabhair le fios cá bhfuil tú agus ná buail le daoine nach bhfuil aithne agat orthu ach ar líne amháin. Coinnigh do shonraí príobháideacha príobháideach – ná roinn faisnéis phríobháideach cosúil le do sheoladh, d'uimhir theileafóin nó do scoil, agus úsáid na socruithe príobháideachais is déine ar do chuntais sna meáin shóisialta.

## Sleamhnán 11 – Comharthaí Rabhaidh

Déanfaidh ciontóirí atá ag iarraidh íomhánna gnéasacha nó airgead a fháil ó dhaoine óga rud ar bith is féidir leo ionas go mbeidh muinín agat astu ar líne. Bí cúramach agus bí ag faire amach do na comharthaí rabhaidh:

- Plámásach agus ag tabhairt neart airde ort, cosúil le deiseanna mainicíneachta a mholadh, nó a bheith ag bogadh an-tapa.
- Ag labhairt ar ghnéas ar líne, uaireanta an-tapa.
- Ag iarraidh ort pictiúir nochta a sheoladh.
- Ag iarraidh ort dul chuig comhrá príobháideach cosúil le WhatsApp nó KIK, nó ardáin beoshruthaithe cosúil le Skype.





- Ag iarraidh ort an comhrá a choinneáil faoi rún.
- Ag taispeáint guagacht giúmair, iad thuas seal thíos seal leat – cuirtear deireadh leis an bplámás agus éiríonn siad gránna nó bagartha.
- Ag rá go bhfuil a gceamara gréasáin briste – ligeann siad orthu féin go bhfuil siad ar comhaois leat agus deir siad go bhfuil a gceamara gréasáin briste sa chaoi is nach féidir leat iad a fheiceáil.
- Is furasta fotha ceamara gréasáin a bhréagnú, má fheiceann tú duine, ní hin le rá gur iad atá ann i ndáiríre.

(Faisnéis don Mhúinteoir – pléitear KIK messenger anseo toisc go bhfaigheann na Gardaí go leor fógraí maidir le comhéigean agus sracadh gnéasach leanaí ar líne ó KIK messenger agus Chatstep.)

## Sleamhnán 12 – Cúnamh agus Tacaíocht a fháil

Má tá an fhadhb seo ag aon duine óg tá sé tábhachtach cúnamh agus tacaíocht a lorg, níl siad leo féin agus tá cúnamh ar fáil.

Labhair le duine fásta sa teaghlach nó ar scoil a bhfuil muinín agat astu.

Labhair le cara a bhfuil muinín agat as.

Glaoigh ar Líne Chabhrach na Leanaí ar 1800 66 66 66, seol an téacs "Talk" chuig 50100, nó labhair leo ar líne ag www.childline.ie

Má tá duine ag bagairt íomhánna a phostáil nó a roinnt ná roinn tuilleadh íomhánna agus ná híoc aon rud.

Coinnigh an fhianaise, ná scrios aon rud, sábháil teachtaireachtaí, glac seatanna scáileáin agus taifead aon sonraí atá agat.

Stop an chumarsáid – blocáil an duine agus díghníomhachtaigh do chuntas meán sóisialta. Ná scrios an cuntas mar go bhféadfadh an fhianaise seo cuidiú leis na Gardaí.

Tuairiscigh an fhadhb chuig an nGarda Síochána – cuideoidh siad leo agus éistfidh siad leat go dáiríre. Déileálfaidh siad leat go rúnda gan breith a thabhairt ort.

## Gníomhaíocht Roghnach – Do Shaol ar Líne

D'fhéadfadh an ghníomhaíocht seo a bheith feiliúnach do rang uair an chloig.

Roinn na scoláirí ina ngrúpaí beaga agus scaip clár bán nó bileog A3 agus marcóirí ar gach grúpa.

Iarr ar na scoláirí postáil ar líne a dhearadh ina bhfuil comhairle do dhaoine óga. Ba cheart go ndíreofaí sna postálacha seo ar dhá réimse:

- An chaoi le thú féin a chosaint ó chomhéigean agus teacht i dtír gnéasach ar líne
- Go bhfuil cúnamh agus tacaíocht ar fáil má bhíonn tionchar ag an gcoir seo orthu

Leithdháil líonra meán sóisialta ar gach grúpa (Facebook, Instagram, Twitter, Snapchat, etc.) Spreag na scoláirí chun a gcuid postálacha ar an líonra sóisialta a thugtar dóibh a leagan amach tríd an lógó a tharraingt nó tagairt dó, #haischlibeanna a chur leis, etc.

Tabharfaidh an ghníomhaíocht seo deis do na scoláirí cuimhneamh ar na príomhtheachtaireachtaí ón gceacht agus beidh siad in ann bealaí chun iad féin a chosaint ar líne a chur chun cinn agus beidh a fhios acu cá ngabhfaidh siad chun cúnamh agus tacaíocht a fháil.

Nuair a bheidh na postálacha déanta iarr ar na grúpaí a bpostáil a léamh amach don chuid eile den rang.

## Sleamhnán 13 – Gníomhaíocht Mhachnaimh


Scaip bileog oibre 1.3 nó 1.3a.

Tabharfar deis do scoláirí sa ghníomhaíocht mhachnaimh seo an méid a d'fhoghlaim siad ón gceacht a chur i bhfeidhm ar a saol féin, tabharfar liosta de rudaí a bheidh le déanamh acu dóibh chun iad féin a choinneáil sábháilte ar líne agus liosta de thacaíochtaí pearsanta is féidir leo a úsáid nuair a bhíonn deacrachtaí acu.

Iarr ar na scoláirí an bhileog oibre a líonadh isteach ina n-aonar agus abair arís go bhfuil a gcuid freagraí príobháideach agus nach roinnfear leis an rang iad.

# Bileog oibre 1.1

## Teanga a fhoghlaim



**Le déanamh:**
Scríobh sainmhíniú ar na frásaí/focail seo a leanas. Úsáid abairtí nó focail aonair a mhíníonn brí an fhrása/fhocail.

Is ionann Cumarsáid ar Líne agus...

Is ionann teacht i dtír gnéasach ar líne agus...

Is ionann Comhéigean agus...

Is ionann Sracadh agus...





# Bileog oibre 1.1a

## Teanga a fhoghlaim

**Smaoinigh, Beirteanna, Roinnigí**
Meaitseáil an frása/focal leis an abairt a mhíníonn a bhrí.

Mar shampla, D = 1

A. Cumarsáid ar Líne
B. Teacht i dTír Gnéasach ar Líne
C. Comhéigean
D. Sracadh


1. Ag iarraidh airgead nó nithe eile (e.g. grianghraif nó físeáin ghnéasacha) a fháil trí bhagairtí a úsáid
2. Iallach a chur ar dhaoine óga grianghraif/físeáin ghnéasacha a sheoladh nó ceamara gréasáin/fón cliste a úsáid
3. Ag labhairt trí mheán an idirlín e.g. seomraí comhrá agus láithreáin líonraithe shóisialta
4. Cur ina luí ar dhaoine óga rud éigin a dhéanamh trí bhagairtí a dhéanamh orthu




| | |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | 1 |

# Bileog oibre 1.2

## Anna agus George



**Le déanamh:**

Mar ghrúpa, pléigí an chaoi a bhféadfadh Anna agus George iad féin a chosaint ar líne agus cá bhféadfaidís cúnamh agus tacaíocht a lorg nuair a iarradh orthu tuilleadh íomhánna/airgid a sheoladh. Breacaigí na freagraí sna boscaí thíos sula dtugann sibh aiseolas don rang ar fad.

Cén chaoi a bhféadfadh Anna í féin a chosaint ar líne?

Cén áit ar féidir le Anna agus George cúnamh agus tacaíocht a fháil?

Cén chaoi a bhféadfadh George é féin a chosaint ar líne?


Céard í an teachtaireacht lárnach ó na Gardaí do dhaoine óga?





# Bileog oibre 1.2a

## Anna agus George



**Le déanamh:**

Mar ghrúpa, léigí an liosta gníomhartha a d'fhéadfadh Anna agus George a dhéanamh. Socraígí cén ceannteideal ba cheart a úsáid dóibh: í/é féin a chosaint ar líne nó cúnamh agus tacaíocht. Breacaigí na freagraí sna boscaí ar dheis sula dtugann sibh aiseolas don rang ar fad.

**Gníomhartha**

- Ná glac le hiarratais ar chairdeas ó dhaoine nach bhfuil aithne agat orthu.
- Téigh i dteagmháil leis na Gardaí.
- Bí cúramach agus tú ag labhairt i seomraí comhrá.
- Ná freagair éilimh ar thuilleadh pictiúr a sheoladh/casadh le chéile.
- Inis do dhuine muinteartha faoin gcás.
- Bí cúramach ag nuashonrú stádas/próifíl ar líne – coinnigh an phróifíl príobháideach.
- Ná freagair éilimh ar airgead a sheoladh.
- Inis do chara a bhfuil muinín agat as.
- Ná glac le glaonna ceamara gréasáin/físe ó dhaoine nach bhfuil aithne agat orthu.
- Ná seol grianghraif chuig daoine nach bhfuil aithne agat orthu.
- Inis do mhúinteoir, comhairleoir nó Príomhoide ar scoil faoin gcás.

Cén chaoi ar féidir le Anna í féin a chosaint ar líne?

**Mar shampla:** D'fhonn í féin a chosaint ar líne bhí rogha ag Anna gan glacadh leis an iarratas ar chairdeas a fuair sí ó dhuine nach raibh aon aithne aici air

Cén chaoi ar féidir le George é féin a chosaint ar líne?


Cén áit ar féidir le Anna agus George cúnamh agus tacaíocht a fháil?

**Mar shampla:** D'fhéadfadh Anna agus George labhairt leis na Gardaí chun cúnamh agus tacaíocht a fháil.




**Le déanamh:**
Céard í an teachtaireacht lárnach ó na Gardaí do dhaoine óga? Críochnaigh na habairtí ag úsáid na bhfocal seo a leanas:

Coir | Airgead | Íomhánna








# Bileog oibre 1.3
## Machnamh



**Le déanamh:**
Smaoinigh faoin gcaoi a ndéanann tú cumarsáid ar líne. Cad a chaithfidh tú a dhéanamh chun thú féin a chosaint?

Smaoinigh faoi cá bhfuil tú in ann cúnamh agus tacaíocht a fháil. Cé leis a labhrófá?

Scríobh liosta maidir le gach topaic sna boscaí thíos.

Sábháilteacht ar líne

Cúnamh a Lorg

**Le déanamh:**
Scríobh tvuít a d'fhéadfaí a úsáid chun feasacht a ardú maidir leis an gcoir ina dtarlaíonn comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne i measc daoine óga. Cuir #haischlib leis.

Joe Blag
@JoeBlag
Follow

_______________________________________

_______________________________________

_______________________________________

13 | 26 | 58

# Bileog oibre 1.3a

## Machnamh

**Le déanamh:**
Smaoinigh faoin gcaoi a ndéanann tú cumarsáid ar líne.

Cad a chaithfidh tú a dhéanamh chun thú féin a choimeád sábháilte? Scríobh liosta sa bhosca thíos.

### Sábháilteacht ar líne

Próifíl Meán Sóisialta

Socruithe Meán Sóisialta

Cumarsáid ar Líne

**Cúnamh a lorg:**
Smaoinigh faoi cá bhfuil tú in ann cúnamh agus tacaíocht a fháil. Cé leis a labhrófá? Scríobh liosta sa bhosca thíos.

Duine Muinteartha/Cara

Scoil

Gardaí

**Le déanamh:**
Scríobh tvuít faoina bhféadfaí a úsáid chun insint do dhaoine óga faoi na coireanna a thaispeántar san fhíseán. Cuir #haischlib leis.

Mar shampla:

**Joe Blag**
@JoeBlag
Follow

Is coir é iallach a chur ar dhaoine óga grianghraif/físeáin ghnéasacha a sheoladh. Faigh cúnamh anois.

#BíInCtrl #CuirDeireadhLeTeachtIdTírGnéasachArLíne

4 18 72

**Joe Blag**
@JoeBlag
Follow

1 6 24





# Ceacht 2

## Scéal Anna

**Croí-choincheap:**
Tugann an ceacht seo deis do scoláirí tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le duine éigin ar bhuail siad leis ar líne dallamullóg a chur ar dhaoine óga agus iniúchadh a dhéanamh ar na mothúcháin a bhíonn i gceist le cásanna de chomhéigean agus sracadh gnéasach ar líne.

### Mapáil Curaclaim

**Torthaí Foghlama:**
Beidh na scoláirí in ann a shainaithint cén chaoi a dtarlaíonn comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne agus an tionchar a bhíonn aige ar mhothúcháin daoine óga, agus freagairt dó sin ar bhealach tuisceanach agus éifeachtach.

**Naisc churaclaim:**
— Creat OSPS na Sraithe Sóisearaí: Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta; Sábháilteacht Phearsanta

— Gearrchúrsa OSPS: Snáithe 3: Dul i bpáirt le chéile – An Raon Caidrimh; Gnéasacht (Collaíocht), Féiniúlacht Inscne agus Sláinte Ghnéis

**Acmhainní a theastaíonn:**
Físeán de *Anna's Story*, bileog eolais le haghaidh *Anna's Story* (an dá cheann ar fáil ar www.webwise.ie/beinctrl), bileoga oibre 2.1 agus 2.2, comharthaí don díospóireacht ar cois (roghnach)

**Teicneolaíochtaí digiteacha a leabú**
Is féidir le scoileanna a bhfuil fáil acu ar fhearais dhigiteacha (e.g. táibléid, ríomhairí glúine, fóin) freagraí na scoláirí a ghabháil ar bhileoga oibre ábhartha ag úsáid uirlisí gréasán-bhunaithe éagsúla (e.g. Padlet, Mentimeter, etc,).

Tarraingítear aird ar roinnt dheiseanna i dtaca leis sin leis an lógó ar dheis.

**Modheolaíochtaí**
Anailís ar fhíseán, léamhthuiscint, obair ghrúpa, plé, díospóireacht ar cois (roghnach), machnamh/cur i bhfeidhm.

**An ceacht seo a oiriúnú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu:**
Tugtar bileoga oibre difreáilte (leaganacha 'a') chun cuidiú le scoláirí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu lena gcuimhne nó atá mall ag próiseáil rudaí agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as na príomhphointí. D'fhéadfadh deacracht a bheith ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu léamh os ard; ná cuir brú ar scoláirí aonair léamh os ard.

D'fhéadfadh sé nach bhfuil aon bhreithiúnas sóisialta ag roinnt déagóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus d'fhéadfadh deacracht a bheith acu an difríocht idir rud atá ceart agus rud atá mícheart a thuiscint nó ar an gcoiriúlacht a bhaineann le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne leanaí. Tá sé sin tábhachtach go háirithe toisc nach mór do na scoláirí seo na scileanna a fhorbairt chun iad féin a chosaint. Tugann an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta oiliúint in Social Stories™ (www.sess.ie/course/social-storiestm.

D'fhéadfadh scafalra a bheith de dhíth chun cur ar chumas scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith rannpháirteach sa díospóireacht ar cois.

**Nóta don mhúinteoir**
**Moltar na treoirlínte dea-chleachtais a léamh sula dtugtar faoin gceacht.** Sula dtugtar faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí atá san acmhainn seo, tá sé tábhachtach go leagfá síos bunrialacha soiléire leis an rang agus go gcreideann na scoláirí gur timpeallacht oscailte chineálta é an rang OSPS. Tóg d'am ag tabhairt cuntais ar na tacaíochtaí atá ar fáil do scoláirí (laistigh agus lasmuigh den rang), i gcás ina bhfuil aon cheann de na saincheisteanna a pléadh sa rang ag cur isteach orthu agus go gcaithfidh siad labhairt le duine éigin. **Tarraing aird ar an gcaoi má thugann aon duine le fios go bhfuil drochúsáid nó gníomhaíocht ghnéasach faoi aois ag tarlú, go mbeidh sé de dhualgas ort tuairisc maidir leis sin a thabhairt don Teagmhálaí Ainmnithe (an Príomhoide de ghnáth).** Is fearr gan cásanna a bhfuil cur amach ag na scoláirí orthu a phlé. B'fhearr an plé a dhíriú ar scéal Anna agus George a chuirtear i láthair sna ceachtanna.

# Gníomhaíocht 1

Mínigh do na scoláirí go ndéanfar iniúchadh i gceacht an lae inniu ar an dallamullóg is féidir le duine ar bhuail siad leis ar líne a chur ar dhaoine óga, agus go ndíreofar ar scéal Anna. Breithneofar sa cheacht chomh maith na mothúcháin a bhíonn i gceist i gcásanna ina dtarlaíonn comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne agus an tionchar a bhíonn acu ar dhaoine óga.

Moltar go mbeadh eolas roimh ré ar an bhfíseán *Say No!* iomlán chun comhthéacs nó brí a thabhairt do scéal Anna. Bheadh sé áisiúil sracfhéachaint a chaitheamh air sin arís sula líontar isteach bileog oibre 2.1 nó 2.1a ionas go bhfaighidh scoláirí tuiscint níos fearr ar chúlra scéal Anna e.g. an chaoi a gcuireann Anna muinín i Mark de réir a chéile.

Tar éis féachaint ar *Anna's Story* agus an bhileog eolais a léamh (www.webwise.ie/beinctrl), d'fhéadfadh sé a bheith áisiúil súil a chaitheamh arís ar na príomhshainmhínithe ón gceacht roimhe sin – cumarsáid ar líne, teacht i dtír gnéasach ar líne, comhéigean agus sracadh.

Tabhair amach bileog oibre 2.1 nó 2.1a – Comharthaí Rabhaidh – agus cuir na scoláirí i ngrúpaí beaga.

Tabharfaidh an ghníomhaíocht seo deis do scoláirí a shainaithint cad a dúirt Mark agus a rinne sé ar chomharthaí rabhaidh a bhí iontu den mhéid a bhí i gceist aige a dhéanamh i ndáiríre. Ardóidh sé sin feasacht faoi chumarsáid shábháilte agus neamhshábháilte ar líne i measc na scoláirí.

Glac le haiseolas ó gach grúpa agus tóg faisnéis ón bhfíseán *Say No!* iomlán agus ón sleamhnán 'Comharthaí Rabhaidh' ón gcur i láthair a rinneadh sa cheacht roimhe seo.








# Bileog oibre 2.1

## Comharthaí Rabhaidh



**Le déanamh:**
Mar ghrúpa, pléigí gach a ndúirt agus a ndearna Mark a d'ardódh imní nó amhras. Faighigí amach cad a dúirt Mark agus cad a rinne sé:

**Uimh. 1** Ionas gur chuir Anna a muinín ann agus gur cruthaíodh caidreamh eatarthu

**Uimh. 2** Chun plámás a dhéanamh le Anna agus aird a thabhairt uirthi

**Uimh. 3** Chun tosú go tapa ar chomhrá ghnéasach agus bagairt a dhéanamh ar Anna

Breac síos do chuid freagraí sna boscaí comhrá thíos sula dtugann tú aiseolas don rang.

**Muinín Anna ann**

**Aird a thabhairt ar Anna**

**Tosú ar chomhrá gnéasach**

# Bileog oibre 2.1a

## Comharthaí Rabhaidh

**Le déanamh:**
Mar ghrúpa, léigí cad a dúirt Mark le Anna ar líne. Sula dtugann sibh aiseolas don rang:

**Uimh. 1** Cuirigí líne ghorm faoin gcaoi a ndearna Mark iarracht Anna a mhealladh ionas go mbeadh muinín aici as

**Uimh. 2** Cuirigí líne bhándearg faoin gcaoi a ndearna Mark iarracht aird a thabhairt ar Anna

**Uimh. 3** Cuirigí líne dhearg faoin gcaoi a ndearna Mark iarracht comhrá gnéasach a thosú agus bagairt a dhéanamh ar Anna

Ur special 2 me 🙂

I bet all the guys at ur school r after u

At my sister's photoshoot 😎 wanna be a model 2?

If you send me some pics I could give them 2 her agency, check mine out

Cmon fame is waiting 🙂

I really like u! Can I c more?

It's just u & me 😊

U know u can trust me 😍

You r amazing, Anna 😘

So happy I found u!

I'd like to see one without the bra

I have ur pic now, u have 2 send me more

U'll do as I say





# Gníomhaíocht Roghnach:

## Díospóireacht ar cois maidir leis an Saol ar Líne

D'fhéadfadh an ghníomhaíocht seo a bheith feiliúnach do rang uair an chloig.

Chun deis a thabhairt do na scoláirí scrúdú breise a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann daoine óga cumarsáid ar líne, stiúir díospóireacht ranga ar cois.

Leag comhartha 'aontaím' ar thaobh amháin den seomra, comhartha 'ní aontaím' ar an taobh eile agus spás sa lár. Iarr ar scoláirí insint cén fáth ar sheas siad i spás ar leith.

- Tá a fhios ag daoine óga lena bpróifíl mheán sóisialta a bhainistiú agus a chosaint (leideanna ó scéal Anna – pictiúr próifíle, suíomh/scoil a roinnt, uimhir theileafóin a roinnt, socruithe próifíle príobháideacha)
- Níl a fhios ag daoine óga le cumarsáid shábháilte a dhéanamh ar líne (leideanna ó scéal Anna – ag glacadh le hiarratas ar chaidreamh nach eol dóibh, ag bogadh chuig comhrá príobháideach, ag seoladh grianghraf gáirsiúil/comhrá gnéasaithe)
- Is é an bealach is fearr le daoine óga a choimeád sábháilte ná teacht ar an idirlíon a shrianadh (leideanna – ag labhairt le tuismitheoirí faoi ghníomhaíocht ar líne, feachtais feasachta, ag leanúint comhairle/treoirlínte, cúnamh/tacaíocht a fháil)

Níl sé i gceist leis an ráiteas deiridh go bhfuiltear ag tacú leis an smaoineamh nach féidir le daoine óga a bheith sábháilte ach amháin trí theacht ar an idirlíon a shrianadh, ach chun:

- Scoláirí a spreagadh chun plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le daoine óga iad féin a chosaint ar líne ach labhairt lena dtuismitheoirí
- A saol ar líne a roinnt lena dtuismitheoirí
- Feachtais feasachta idirlín a chur chun cinn agus a bheith páirteach iontu ina bpobal agus ar scoil
- Cloí le treoirlínte dea-chleachtais a thugann soláthróirí seirbhíse idirlín, líonraí sóisialta, múinteoirí agus Gardaí, etc., dóibh
- Agus fios a bheith acu cá bhfaighidh siad cúnamh agus tacaíocht má bhíonn deacrachtaí acu.

### Gníomhaíocht 2

Tabhair amach bileog oibre 2.2 nó 2.2a – Smaointe agus Mothúcháin – agus iarr ar scoláirí oibriú i mbeirteanna.

Tabharfaidh an ghníomhaíocht seo deis do scoláirí smaointe b'fhéidir a bhí ag Anna nuair a bhagair Mark uirthi a shainaithint agus cur síos a dhéanamh ar an mothúchán (nó na mothúcháin) a bhí uirthi b'fhéidir i dtaca le gach smaoineamh. Tabharfaidh sé sin deis do scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar fholláine mhothúchánach Anna ar bhealach tuisceanach.

Tá samplaí de na smaointe féideartha ar bhileog oibre 2.2a.

Iarr ar scoláirí aiseolas a thabhairt don rang uile ag cur síos ar smaointe agus ar mhothúcháin Anna.

Bí cinnte go n-iarrfaidh tú ar scoláirí cuimhneamh ón gceacht roimhe sin cén áit ar féidir le daoine óga cúnamh agus tacaíocht a fháil má chuireann comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne isteach orthu.

# Bileog oibre 2.2

## Smaointe agus Mothúcháin



**Le déanamh:**

Le do pháirtí, faighigí amach cén sórt smaointe seans a bhí ag Anna nuair a dúirt Marc léi tuilleadh pictiúr a sheoladh nó mura seolfadh go bpostálfadh sé a cuid pictiúr ar shuíomh Idirlín na scoile.

Ainmnígí an mothúchán nó na mothúcháin b'fhéidir a bhí ar Anna in éineacht le gach smaoineamh.


| Smaoineamh | Mothúchán |
|---|---|
| | |





# Bileog oibre 2.2a

## Smaointe agus Mothúcháin



**Le déanamh:**

Le do pháirtí, léigí an liosta de smaointe seans a bhí ag Anna nuair a dúirt Mark léi tuilleadh pictiúr a sheoladh nó mura seolfadh go bpostálfadh sé a cuid pictiúr ar shuíomh Idirlín na scoile.

Cuirigí ciorcal timpeall ar an emoji agus ainmnígí an mothúchán/na mothúcháin a dhéanann cur síos ar an gcaoi a mhothódh Anna maidir le gach smaoineamh.

Tá líne fholamh ann má chuimhníonn sibh ar aon smaointe agus mothúcháin eile.

| Smaoineamh | Mothúchán |
|---|---|
| Ó Dia á réiteach, cad a dhéanfaidh mé? |  |
| Ní chreidim é, cén chaoi a bhféadfadh Mark é seo a dhéanamh orm? |  |
| Maróidh Mama mé; táim i dtrioblóid cheart. |  |
| Cad a dhéanfaidh mé má phostálann Mark na grianghraif sin ar shuíomh Idirlín na scoile agus go mbeidh mo chairde ar fad in ann iad a fheiceáil? |  |
| | |

# Machnamh




**Le déanamh:**

Iarr ar scoláirí tvuít a scríobh ina ndéantar machnamh ar cad a d'fhoghlaim siad ó scéal Anna.

Iarr ar scoláirí haischlib a chur isteach ag deireadh na tvuíte:

Mar shampla

#BíInCtrl
#CuirDeireadhLeTeachtIdTírGnéasachArLíne
#StopAnTeachtIdTír








# Ceacht 3
## Scéal George

**Croí-choincheap:**
Tugann an ceacht seo deis do na scoláirí iniúchadh breise a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear teicneolaíocht chun an dallamullóg a chur ar dhaoine óga in eachtraí de chomhéigean agus sracadh gnéasach ar líne agus spreagfaidh sé scoláirí chun freagraí a thabhairt chun iad féin a chosaint ar líne.

### Toradh Foghlama:
Beidh scoláirí in ann a shainaithint cén chaoi a dtarlaíonn comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne ó thaobh na teicneolaíochta de agus an chaoi ar féidir le scoláirí freagairt go sábháilte agus go héifeachtach dó.

### Naisc churaclaim:
- Creat OSPS na Sraithe Sóisearaí: Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta; Sábháilteacht Phearsanta
- Gearrchúrsa OSPS: Snáithe 3: Dul i bpáirt le chéile – An Raon Caidrimh; Gnéasacht (Collaíocht), Féiniúlacht Inscne agus Sláinte Ghnéis

### Acmhainní a theastaíonn:
Físeán de *George's Story*, bileog eolais le haghaidh *George's Story* (an dá cheann ar fáil ar www.webwise.ie/beinctrl), bileoga oibre 3.1 agus 3.2, cártaí soilse tráchta (roghnach)

### Teicneolaíochtaí digiteacha a leabú
Is féidir le scoileanna a bhfuil fáil acu ar fhearais dhigiteacha (e.g. táibléid, ríomhairí glúine, fóin) freagraí na scoláirí a ghabháil ar bhileoga oibre ábhartha ag úsáid uirlisí gréasán-bhunaithe éagsúla (e.g. Padlet, Mentimeter, etc,).

Tarraingítear aird ar roinnt deiseanna i dtaca leis sin leis an lógó.

### Modheolaíochtaí
Anailís ar fhíseán, léamhthuiscint, obair ghrúpa, plé, machnamh/cur i bhfeidhm, measúnú soilse tráchta (roghnach)

**An ceacht seo a oiriúnú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu:**
Tugtar bileoga oibre difreáilte (leaganacha 'a') chun cuidiú le scoláirí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu lena gcuimhne nó atá mall ag próiseáil rudaí agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as na príomhphointí. D'fhéadfadh deacracht a bheith ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu léamh os ard, ná cuir brú ar scoláirí aonair léamh os ard.

D'fhéadfadh sé nach bhfuil aon bhreithiúnas sóisialta ag roinnt déagóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus d'fhéadfadh deacracht a bheith acu an difríocht idir rud atá ceart agus rud atá mícheart a thuiscint nó ar an gcoiriúlacht a bhaineann le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne leanaí. Tá sé sin tábhachtach go háirithe toisc nach mór do na scoláirí seo na scileanna a fhorbairt chun iad féin a chosaint. Tugann an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta oiliúint in Social Stories™ www.sess.ie/course/social-storiestm.

### Nóta don mhúinteoir
**Moltar na treoirlínte dea-chleachtais a léamh sula dtugtar faoin gceacht.** Sula dtugtar faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí atá san acmhainn seo, tá sé tábhachtach go leagfá síos bunrialacha soiléire agat leis an rang agus go gcreideann na scoláirí gur timpeallacht oscailte chineálta é an rang OSPS. Tóg d'am ag tabhairt cuntais ar na tacaíochtaí atá ar fáil do scoláirí (laistigh agus lasmuigh den rang), i gcás ina bhfuil aon cheann de na saincheisteanna a pléadh sa rang ag cur isteach orthu agus go gcaithfidh siad labhairt le duine éigin. **Tarraing aird ar an gcaoi má thugann aon duine le fios go bhfuil drochúsáid nó gníomhaíocht ghnéasach faoi aois ag tarlú, go mbeidh sé de dhualgas ort tuairisc maidir leis sin a thabhairt don Teagmhálaí Ainmnithe (an Príomhoide de ghnáth).** Is fearr gan cásanna a bhfuil cur amach ag na scoláirí orthu a phlé. B'fhearr an plé a dhíriú ar scéal Anna agus George a chuirtear i láthair sna ceachtanna.

# Gníomhaíocht 1

Mínigh do na scoláirí go ndéanfar iniúchadh i gceacht an lae inniu ar an dallamullóg is féidir le duine ar bhuail siad leis ar líne a chur ar dhaoine óga, agus go ndíreofar ar scéal George. Breithneofar sa cheacht ar an gcaoi a n-úsáidtear teicneolaíocht i gcásanna ina ndéantar comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne agus conas freagairt agus cumarsáid shábháilte a dhéanamh ar líne.

Tar éis féachaint ar *Scéal George* agus an bhileog eolais a léamh (www.webwise.ie/beinctrl), d'fhéadfadh sé a bheith áisiúil súil a chaitheamh arís ar na príomhshainmhínithe ón gcéad cheacht – cumarsáid ar líne, teacht i dtír gnéasach ar líne, comhéigean agus sracadh.

Tabhair amach bileog oibre 3.1 nó 3.1a – Comharthaí Rabhaidh – agus cuir na scoláirí i ngrúpaí beaga.

Tabharfar deis do scoláirí sa ghníomhaíocht seo a shainaithint cén chaoi ar úsáid Rachel teicneolaíocht sa chaoi is gur cheap George go bhféadfadh sé í a thrust. Feabhsóidh sé sin eolas teicniúil na scoláirí ar chontúirtí na cumarsáide ar líne.

Glac le haiseolas ó gach grúpa agus tóg faisnéis ón bhfíseán *Say No!* iomlán agus ón sleamhnán 'Comharthaí Rabhaidh' ón gcur i láthair a rinneadh sa chéad cheacht.

Moltar go mbeadh eolas roimh ré ar an bhfíseán *Say No!* iomlán chun comhthéacs nó brí a thabhairt do scéal George. Bheadh sé áisiúil sracfhéachaint a chaitheamh air sin arís sula líontar isteach na bileoga oibre ionas go bhfaighidh scoláirí tuiscint níos fearr ar chúlra scéal George e.g. an chaoi a gcuireann George muinín i Rachel de réir a chéile.







# Bileog oibre 3.1

## Comharthaí Rabhaidh



**Le déanamh:**
Mar ghrúpa, pléigí an chaoi ar úsáid Rachel teicneolaíocht sa chaoi is gur cheap George go bhféadfadh sé í a thrust. Breacaigí na freagraí sna boscaí thíos sula dtugann sibh aiseolas don rang.

**1** Cén áit ar chas Rachel agus George le chéile le labhairt faoi?

**2** Cén chaoi ar úsáid Rachel teicneolaíocht chun an dallamullóg a chur ar George?

**3** Cad a dúirt Rachel le George sa chaoi is gur cheap sé gur chailín ar comhaois leis féin í?

# Bileog oibre 3.1a

## Comharthaí Rabhaidh



**Le déanamh:**
Mar ghrúpa, léigí an liosta gníomhartha a dhéanann cur síos ar an gcaoi a ndearna Rachel dúmhál ar George. Socraígí cén uimhir a bhaineann le gach ráiteas agus breacaigí na freagraí sna boscaí ar dheis. Líonadh isteach an chéad bhosca cheana féin.

**Uimh. 1** Cár bhuail Rachel agus George le chéile le dul i mbun comhrá?

**Uimh. 2** Cén chaoi ar úsáid Rachel teicneolaíocht chun cleas a imirt ar George?

**Uimh. 3** Cad a dúirt Rachel le George sa chaoi is gur cheap sé gur chailín ar comhaois leis féin í?

| | |
|---|---|
| 2 | Bhí grianghraif de chailín óg ag Rachel ar a próifíl |
| | Bhog Rachel agus George chuig comhrá príobháideach |
| | “and def not 2 those creepy gamers I hang out w/ online” |
| | Bhuail Rachel agus George le chéile i seomra comhrá cluichí ar líne |
| | Sheol Rachel pictiúr di féin i gculaith snámha |
| | “show me first and I’ll do anything 4 u” |
| | Thaispeáin Rachel í féin ar cheamara agus gan uirthi ach cíochbheart agus léine |
| | “OMG ur so hot!” |
| | Ghlac George le glao físe ó Rachel |
| | “my mom tells me I shouldn’t talk 2 strangers” |
| | D’iarr Rachel ar George í a chur lena liosta teagmhálaithe |






## Gníomhaíocht 2

Tabhair amach bileog oibre 3.2 nó 3.2a – Cumarsáid ar Líne – agus iarr ar scoláirí oibriú i mbeirteanna.

Tabharfaidh an ghníomhaíocht sin deis do scoláirí cleachtadh a dhéanamh ar chumarsáid shábháilte a dhéanamh ar líne agus freagraí a fhorbairt chun iad féin a chosaint ar líne.

Nuair a bheidh tú ag glacadh le haiseolas, léigh gach teachtaireacht agus iarr ar scoláirí a gcuid freagraí a thabhairt don rang ar fad.

Bí cinnte go n-iarrfaidh tú ar scoláirí cuimhneamh ó na ceachtanna roimhe sin cén áit ar féidir le daoine óga cúnamh agus tacaíocht a fháil má chuireann comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne isteach orthu.



# Bileog oibre 3.2

## Cumarsáid ar Líne




**Le déanamh:**

Le do pháirtí, léigí na teachtaireachtaí a sheol Rachel chuig George.

Chun cumarsáid threallúsach agus cumarsáid shábháilte ar líne a chleachtadh, pléigí an chaoi a bhféadfadh George freagra a thabhairt chun é féin a chosaint agus breacaigí na freagraí thíos.

**Rachel**

Am I only getting a ?

**George**

I'll show u if u show me

wanna go on cam?


Yeah! take it all off!





# Bileog oibre 3.2a

## Cumarsáid ar Líne



**Le déanamh:**

Le do pháirtí, léigí na teachtaireachtaí a sheol Rachel chuig George agus an dá fhreagra.

Chun cumarsáid threallúsach a chleachtadh ar líne, pléigí na freagraí is fearr a chuideodh le George é féin a chosaint.

Cuirigí líne ghlas faoi na freagraí a choinneodh George sábháilte ar líne. Tá líne fholamh ann má chuimhníonn sibh ar aon fhreagraí sábháilte eile.

**Rachel**

Am I only getting a ?

**George**

**Uimh. 1** depends, what else do you want?
**Uimh. 2** that's enough
**Uimh. 3**

I'll show u if u show me

**Uimh. 1** not gonna happen
**Uimh. 2** u are really confident, arent u
**Uimh. 3**

wanna go on cam?

**Uimh. 1** sorry, not interested
**Uimh. 2** I'm not sure, it's a bit wrong
**Uimh. 3**

Yeah! take it all off!

**Uimh. 1** I think this might be a mistake
**Uimh. 2** No, I'll pass thanks
**Uimh. 3**


# Machnamh

**Le déanamh:**
Iarr ar scoláirí tvuít a scríobh ina ndéantar machnamh ar cad a d'fhoghlaim siad ó scéal George sa cheacht seo.

Iarr ar scoláirí haischlib a chur isteach ag deireadh na tvuíte.

Mar shampla,

#BíInCtrl #AbairStop
#CúnamhArFáil








# Gníomhaíocht Roghnach:
## Measúnú Soilse Tráchta

**D'fhéadfadh an ghníomhaíocht seo a bheith feiliúnach do rang uair an chloig.**

Tugann sé deis do scoláirí a insint cé chomh maith is a thuig siad na topaicí a cumhdaíodh sna trí cheacht.

Tabhair trí chárta do na scoláirí – glas , oráiste agus dearg . Sin nó is minic go mbíonn na cártaí sin i ndialanna scoile agus is féidir iad a úsáid don ghníomhaíocht seo.

Chun deis a thabhairt do scoláirí measúnú a thabhairt agus a insint cé chomh muiníneach is atá siad gur thuig siad an croí-choincheap agus gur chomhlíon siad torthaí foghlama gach ceachta, úsáid na ráitis seo:

- Glas má tá siad an-mhuiníneach gur chomhlíon siad na torthaí foghlama
- Oráiste má mhothaíonn siad gur éirigh leo roinnt de na torthaí foghlama a chomhlíonadh ach go dteastaíonn tuilleadh oibre uathu
- Dearg má mhothaíonn siad gur beag dul chun cinn a rinne siad nó nach ndearna siad aon dul chun cinn ó thaobh na dtorthaí foghlama a chomhlíonadh

Iarr ar scoláirí rogha a dhéanamh faoi cén cárta/leathanach a thaispeánfaidh siad le haghaidh gach ceann de na ceisteanna seo a leanas:

**Uimh. 1** An dtuigeann tú cad is brí le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne agus an chaoi a gcuirtear dallamullóg ar dhaoine óga ar líne?

**Uimh. 2** An n-aithníonn tú gur coir é comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne agus dúmhál a dhéanamh ar dhaoine óga ar mhaithe le hábhar gnéis agus/nó airgead a fháil?

**Uimh. 3** An bhfuil tú in ann a aithint cén chaoi a bhféadfadh daoine ar líne caidreamh a chur ar bun le daoine óga agus muinín astu a fhorbairt iontu?

**Uimh. 4** An n-aithníonn tú an chaoi a bhféadfadh daoine ar líne teicneolaíocht a úsáid chun an dallamullóg a chur ar dhaoine óga?


**Uimh. 5** An bhfuil tuiscint níos fearr agat ar conas do phróifíl a chosaint ar líne?

**Uimh. 6** An bhfuil tuiscint níos fearr agat ar conas cumarsáid shábháilte a dhéanamh ar líne?

**Uimh. 7** An bhfuil a fhios agat cá ngabhfaidh tú le cúnamh agus tacaíocht a fháil má chuireann comhéigean agus sracadh gnéasach isteach ort féin nó ar dhuine éigin a bhfuil aithne agat air?

Spreagann an ghníomhaíocht seo scoláirí chun smaoineamh ar a gcuid foghlama agus is measúnú láithreach é ar chomh maith is a thuig an rang na ceachtanna. Tarraingeofar aird sa cheacht freisin ar réimsí óna bhféadfadh soiléiriú a bheith ag teastáil nó aird agus faisnéis bhreise.

# Aguisíní





# Aguisín 1

## Bunrialacha samplacha

1. Léirigh meas ar chách.
2. Tabhair deis labhartha do gach duine.
3. Éist go gníomhach agus go géar le gach duine.
4. An rud a roinntear sa rang, fanadh sé sa rang.
5. Iarr soiléiriú má tá mearbhall ort.
6. Ná cuir isteach ar dhuine eile atá ag caint.
7. Tabhair dúshlán do chomhscoláirí, ach déan é go measúil.
8. Tabhair critíc ar smaointe, ní ar dhaoine.
9. Ná tabhair tuairimí gan fianaise tacaíochta.
10. Ná bí ag caitheamh anuas ar aon duine (fiú más ag magadh atá tú).
11. Glac freagracht as caighdeán na cainte.
12. Tóg ar an méid a deir do chomhscoláirí; oibrigh i dtreo tuiscint roinnte.
13. Bíodh na hábhair a theastaíonn don rang agat i gcónaí.
14. Ná déan an chaint ar fad, tabhairt deis do dhaoine eile.
15. Úsáid ráitis maidir 'liomsa'. Measaimse, mothaímse, creidimse.
16. Ná tabhair samplaí de do thaithí féin ná samplaí de rudaí a tharla do dhaoine eile.
17. Féadfaidh gach duine a dtuairim a athrú bunaithe ar an bplé machnamhach.
18. Má mhaslaíonn aon rud a deirtear i rith na díospóireachta thú, abair láithreach é.

# Aguisín 2

## Stór focal le haghaidh scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

Tá trí chroí-choincheap sa liosta thíos: comhéigean, sracadh agus teacht i dtír. Léigh tríd an liosta focal a bhaineann le gach ceann ionas go dtuigfear a mbrí. Líon isteach aon fhocail eile a cheapann tú go bhféadfadh baint a bheith acu le gach croí-choincheap sna spásanna thíos.

| Focail a bhaineann le Comhéigean: | | | |
|---|---|---|---|
| Bulaíocht | Bagairt | Tionchar | Iallach |
| Brú | Smacht | Éileamh | Foréigean |
| | | | |

| Focail a bhaineann le Sracadh: | | | |
|---|---|---|---|
| Mídhleathach | Dúmhál | Airgead Fuascailte/ Duine ar fuascailt | Breab |
| Sceamáil | Coir | Bob a bhualadh | Bréagach |
| | | | |

| Focail a bhaineann le Teacht i dTír: | | |
|---|---|---|
| Margadh amhrasach | Díobháil | Mí-úsáid |
| Feall | Imeaglú | Gadaíocht |
| | | |





# Aguisín 3

## Stór Focal Samplach agus Rúibric Tuisceana le haghaidh scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

### Stór focal

**Gan Tuiscint**

- Gan tuiscint ar na príomhfhocail san fhoclóir
- Ábalta labhairt faoi thopaicí coitianta ach níltear in ann ach míniú bunúsach a léiriú agus déantar earráidí ina rogha focal go minic

**Páirt-Thuiscint**

- Gan ach leath-thuiscint ar na príomhfhocail san fhoclóir
- Ábalta labhairt faoi thopaicí coitianta agus neamhchoitianta ach úsáidtear focail le solúbthacht theoranta

**Tuiscint Iomlán**

- Tuiscint iomlán ar na príomhfhocail san fhoclóir
- Foclóir sách leathan chun topaicí a phlé go forleathan agus brí a bhaint as

### Léamhthuiscint scríofa

**Gan Tuiscint**

- Ní théitear i ngleic leis na tascanna ar na bileoga oibre a thugtar amach, ní chuirtear i láthair ach smaointe teoranta a d'fhéadfadh a bheith neamhábhartha/atriallach ar an iomlán

**Páirt-Thuiscint**

- Déantar iarracht dul i ngleic leis an tasc agus tarraingítear aird ar phríomhghnéithe/pointí urchair ach d'fhéadfadh na sonraí a bheith neamhábhartha, míchuí nó míchruinn

**Tuiscint Iomlán**

- Comhlíontar go hiomlán ceanglais uile an taisc, cuirtear freagra atá forbartha go hiomlán i láthair go soiléir
- Cuirtear i láthair, tarraingítear aird ar agus léirítear príomhghnéithe/pointí urchair go soiléir agus go cuí

# Aguisín 4
## Cé a thabharfaidh cúnamh duit
## Ginearálta

**An Garda Síochána**

I gcás éigeandála glaoigh ar 999/112 nó déan teagmháil le do Stáisiún Gardaí áitiúil agus/nó Líne Chabhrach um Mí-Úsáid Ghnéasach an Gharda Síochána 1800 555 222.

### Líne Chabhrach na Leanaí
Cuireann Líne Chabhrach na Leanaí seirbhís fóin, seirbhís tacaíochta téacs (seol téacs a deir 'Talk' chuig 50101) agus seirbhís comhrá ar líne ar fáil le tacú le daoine óga.

**Labhair linn:** childline.ie— 1800 666666

### Barnardos
Oibríonn Barnardos le leanaí leochaileacha agus lena dteaghlaigh in Éirinn agus bíonn siad páirteach i bhfeachtais ar son chearta gach linbh.

**Labhair linn:** barnardos.ie — 1850 222300

### SpunOut
Is suíomh Idirlín dírithe ar an óige atá i SpunOut. Díríonn sé ar fholláine agus ar mhaireachtáil shláintiúil a chur chun cinn i measc daoine óga.

**Labhair linn:** spunout.ie

### Teen-Line Ireland
Is seirbhís tacaíochta fóin atá saor in aisce atá i Teen-Line Ireland do dhéagóirí ar mian leo labhairt le duine éigin.

**Labhair linn:** teenline.ie— 1800 833634





## Meabhairshláinte agus folláine

### Aware
Cuireann Aware seirbhísí tacaíochta dúlagair agus neamhord giúmair lena mbaineann ar fáil i bhfoirm grúpaí tacaíochta áitiúla, líne chabhrach agus cúrsaí éagsúla oideachais.

**Labhair linn:** aware.ie — 1800 80 48 48

### GROW
Is eagraíocht mheabhairshláinte é GROW a chuidíonn le daoine a d'fhulaing nó atá ag fulaingt de bharr fadhbanna meabhairshláinte. Cuireann sé líne chabhrach agus grúpaí tacaíochta ar fáil go náisiúnta.

**Labhair linn:** grow.ie — 1890 474474

### Jigsaw
An tIonad Náisiúnta don Mheabhairshláinte Óige. Cuireann Jigsaw tacaíochtaí ar fáil do dhaoine óga lena meabhairshláinte trí oibriú go dlúth le pobail ar fud na hÉireann.

**Labhair linn:** jigsaw.ie — 01 472 7010

### MyMind
Is soláthraí seirbhísí meabhairshláinte pobalbhunaithe é MyMind.

**Labhair linn:** www.mymind.org— 076 6801060

### Your Mental Health
Díríonn an suíomh Idirlín seo, a d'fhorbair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ar fheasacht agus ar thuiscint ar mheabhairshláinte agus ar fholláine in Éirinn a fheabhsú.

**Labhair linn:** yourmentalhealth.ie

### An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc
Déanann an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc forbhreathnú ar fhorfheidhmiú 'ReachOut', comhordaíonn sí iarrachtaí chun féinmharú a chosc agus labhraíonn sí le gníomhaireachtaí agus le daoine aonair atá gníomhach i bhféinmharú a chosc.

**Labhair linn:** nosp.ie — 01 6201672

### Pieta House
Is ionad cónaithe atá i Pieta House chun féindochar nó féinmharú a chosc. Tá sé suite i Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath. Tá ionaid for-rochtana agus ionaid barr feabhais acu ar fud na hÉireann.

**Labhair linn:** pieta.ie — 1800 247 247

### ReachOut
Tá sé d'aidhm ag ReachOut faisnéis mheabhairshláinte d'ardchaighdeán agus scéalta spreagúla daoine óga a chur ar fáil chun cabhrú le daoine óga eile atá faoi anacair.

**Labhair linn:** ie.reachout.com

### Na Samáraigh
Tugann na Samáraigh tacaíocht do dhaoine atá ag streachailt, lena n-áirítear daoine atá ag smaoineamh ar fhéinmharú, trí líne chabhrach.

**Labhair linn:** samaritans.org — 116 123

# Neamhoird itheacháin

### Bodywhys
Tacaíonn Bodywhys le daoine a bhfuil tionchar ag neamhoird itheacháin orthu. Cuireann sé seirbhísí faisnéise agus tacaíochta rúnda ar fáil do dhaoine a bhfuil tionchar ag neamhoird itheacháin orthu.

**Labhair linn:** bodywhys.ie — 1890 200444

# Inscne agus gnéasacht

### Gay Switchboard Dublin
Cuireann Gay Switchboard Dublin tacaíocht éisteachta neamhthreorach ar fáil.

**Labhair linn:** gayswitchboard.ie — 01 8721055

### BeLonG To Youth Project
Tacaíonn BeLonG To Youth Project le daoine óga leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha in Éirinn.

**Labhair linn:** belongto.org — 01 670 6223

### Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI)
Tá sé mar aidhm ag TENI coinníollacha a fheabhsú agus cearta agus cothroime daoine trasinscneacha agus a dteaghlaigh a chur ar aghaidh.

**Labhair linn:** teni.ie — 01 873 3575

### Líne Chabhrach LGBT
Cuireann an Líne Chabhrach LGBT tacaíocht éisteachta agus seirbhís faisnéise ar fáil do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha mar aon lena dteaghlaigh agus a gcairde.

**Labhair linn:** lgbt.ie — 1890 929539

### ShoutOut
Cuireann ShoutOut ceardlanna ar fáil do scoláirí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí in iar-bhunscoileanna ar fud na hÉireann ina dtéitear i ngleic le bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach.

**Labhair linn:** shoutout.ie/contact — 0851139249





# Sábháilteacht Idirlín

### Hotline.ie
Soláthraíonn hotline.ie áis gan ainm don phobal chun ábhar mídhleathach nó amhrasach a fheictear ar an idirlíon a thuairisciú.

**Labhair linn:** hotline.ie — 1890 610710

### Bí Aireach faoi do Spás
Is suíomh Idirlín é Bí Aireach faoi do Spás a léiríonn agus a thacaíonn le hobair daoine óga a bhfuil a dtionscnaimh féin á rith acu ina scoileanna agus ina ngrúpaí óige chun deireadh a chur leis an gcibearbhulaíocht.

**Labhair linn:** watchyourspace.ie

### Webwise
Is é Webwise Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an gClár um Idirlíon níos Sábháilte de chuid an AE. Ardaíonn sé feasacht ar shaincheisteanna sábháilteachta ar líne agus ar dhea-chleachtas i measc scoláirí, a dtuismitheoirí agus a múinteoirí.

**Labhair linn:** webwise.ie

### An Coimisinéir Cosanta Sonraí
Cinntíonn an Coimisinéir Cosanta Sonraí go gcloíonn na daoine sin a choinníonn faisnéis le prionsabail na cosanta sonraí. Tugtar faisnéis ar an suíomh Idirlín faoi chearta daoine aonair agus faoi fhreagrachtaí eagraíochtaí.

Labhair linn: dataprotection.ie

### Rannóga um Shábháilteacht Idirlín
**Facebook:** facebook.com/help/
**Instagram:** help.instagram.com/667810236572057
**Snapchat:** snapchat.com/safety
**Twitter:** about.twitter.com/safety
**YouTube:** youtube.com/yt/policyandsafety/en-GB/

# Ionsaí gnéasach

### Cosc
Is é Cosc an Oifig Náisiúnta um Chosc ar Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne.

**Labhair linn:** cosc.ie

### Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath
Is eagraíocht náisiúnta é Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath a thairgeann raon leathan seirbhísí do mhná agus d'fhir a gcuireann éigniú, ionsaí gnéasach, ciapadh gnéasach nó drochúsáid ghnéasach leanaí isteach orthu. Áirítear líne chabhrach náisiúnta a bhíonn ar fáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae leis na seirbhísí.

**Labhair linn:** drcc.ie — 1800 77 88 88

### Líonra Forbartha na bhFear
Oibríonn Líonra Forbartha na bhFear le fir chun dul i ngleic leis na fadhbanna a bhíonn os a gcomhair féin agus os comhair a dteaghlaigh, a bpobail agus na sochaí. Is cuid ollmhór dá gcuid oibre é an drochúsáid agus an foréigean teaghlaigh a bhíonn ar siúl ag fir in éadan ban a stopadh.

**Labhair linn:** mens-network.net

### Líonra Géarchéime um Éigniú na hÉireann
Is ionad speisialta eolais agus acmhainní ar éigniú agus gach cineál foréigin ghnéasaigh é Líonra Géarchéime um Éigniú na hÉireann.

**Labhair linn:** rcni.ie

### SAFE Ireland
Is é SAFE Ireland an t-aon eagraíocht náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar sheirbhísí foréigean teaghlaigh túslíne in Éirinn.

**Labhair linn:** safeireland.ie

### An Clár um Shláinte Ghnéis agus um Thoirchis Ghéarchéime
Is clár náisiúnta é an Clár um Shláinte Ghnéis & um Thoirchis Ghéarchéime de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bhfuil sé de chúram air straitéis náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an tsaincheist maidir le toirchis ghéarchéime in Éirinn.

**Labhair linn:** crisispregnancy.ie

# Aguisín 5

## Treoirlínte maidir le cuairteanna ar scoileanna

### Ciorclán 0023/2010 na Roinne Oideachais

Caithfidh cainteanna agus cláir a thugann gníomhaireachtaí nó cainteoirí seachtracha a bheith comhsheasmhach agus comhlántach le héiteas na scoile agus leis an gclár OSPS nó OCG. Ba cheart cuairteanna a phleanáil, taighde a dhéanamh orthu agus iad a fhorfheidhmiú i gcomhar le pearsanra na scoile.

Tá sé ríthábhachtach go bhfanann múinteoirí ranga sa rang leis na scoláirí. Ba cheart go gcinnteodh láithreacht an mhúinteora sa rang go leanann an scoil na nósanna imeachta cuí le déileáil le haon saincheisteanna a eascraíonn as ionchur seachtrach.

Caithfidh na múinteoirí cuí idirchaidreamh a dhéanamh leis an cuairteoirí agus na gníomhaireachtaí seachtracha ar fad atá ag oibriú leis an scoil agus caithfidh an fhoireann ar fad a bheith ar an eolas fúthu.

Moltar go láidir go rachfaí i gcomhairle le tuismitheoirí agus go gcuirfí ar an eolas iad faoi chuairt ar bith ó dhaoine nó gníomhaireachtaí chuig seomraí ranga agus scoileanna.

Caithfear modheolaíochtaí cuí, fianaisebhunaithe le torthaí oideachais soiléire a úsáid i ngach clár agus imeacht a sheachadann cuairteoirí agus gníomhaireachtaí seachtracha. Is fearr a sheachadann daoine atá cáilithe go sonrach le hoibriú leis na daoine óga ar ceapadh na cláir dóibh na cláir sin.

Ba cheart go ndéanfadh scoláirí agus múinteoirí measúnú ar gach clár, caint, idirghabháil agus imeacht i dtéarmaí an ábhair, na dteachtaireachtaí, struchtúir, modheolaíochta agus torthaí foghlama beartaithe.

### Áirítear le cur chuige teagaisc mhíchuí nár cheart do chuairteoirí chun na scoile a úsáid:

**Bearta scanraithe:** Tá faisnéis a scanraíonn daoine agus a dhéanann áibhéil ar iarmhairtí diúltacha míchuí agus fritorthúil.

**Idirghabhálacha méaldrámatacha:** Tá idirghabhálacha a thugann léargas dearfach nó spreagúil ar iompar baolach míchuí agus d'fhéadfaidís daoine a spreagadh le rioscaí míchuí a thógáil.

**Teistiméireachtaí:** Féadfaidh scéalta faoi stíl mhaireachtála chontúirteach roimhe seo an t-iompar a theastaigh uathu a chosc a spreagadh trí ghaiscígh a dhéanamh de na daoine a thugann na teistiméireachtaí.

**Faisnéis nach bhfuil feiliúnach don aois:** D'fhéadfadh sé bheith fritorthúil faisnéis a thabhairt do scoláirí maidir le hiompair nach dócha go mbeidh siad páirteach iontu mar go bhféadfaí luachanna, meon agus iompar a athrú.

**Idirghabhálacha aonuaire nó gearrthéarma:** Ní bhíonn idirghabhálacha gearrthéarma, bídís pleanáilte nó ina bhfreagra ar ghéarchéim, éifeachtach.

**Iompar baolach daoine óga a normalú:** Má chuirtear in iúl do dhaoine óga, go díreach nó go hindíreach, go mbeidh a bpiaraí ar fad páirteach in iompar baolach d'fhéadfadh sé brú a chur orthu rudaí a dhéanamh nach ndéanfaidís murach sin.






# Aguisín 6

## Póstaer seomra ranga

Is féidir póstaer **Bí in Ctrl** a íoslódáil ag webwise.ie/beinctrl



# Aguisín 7
## Litir Shamplach chuig Tuismitheoirí

A Thuismitheoir, a chara,

Tá sé i gceist againn leas a bhaint as clár ar a dtugtar *Bí in CTRL* mar chuid de chlár Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) do linbh. Is acmhainn oideachais é *Bí in Ctrl* a cruthaíodh i gcomhpháirtíocht leis an nGarda Síochána agus a forbraíodh chun tacú le scoileanna agus iad ag dul i ngleic le comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne dá dtagraítear uaireanta mar 'dúmhál ceamara gréasáin' i gcomhthéacs an ranga OSPS.

Tugtar deis do scoláirí san acmhainn seo a aithint gur coir é comhéigean agus sracadh gnéasach ar líne a dhéanamh ar leanaí, feasacht a ardú faoi chumarsáid shábháilte ar líne, agus lorg cúnaimh agus tuairisciú a chur chun cinn.

Is é Webwise, tionscnamh sábháilteacht idirlín na Roinne Oideachais agus Scileanna, i gcomhpháirtíocht leis an nGarda Síochána, a d'fhorbair *Bí in CTRL* agus mhol na comhpháirtithe go léir san oideachas é.

Toisc gur tusa príomhoideachasóir do linbh sa réimse caidrimh agus gnéasachta, tá sé an-tábhachtach ár gclár OCG a leagan amach i gcomhairle leatsa. Tá sé tábhachtach go háirithe go mbeadh tuismitheoirí ar a n-airdeall agus go ndéanfaí iompar cuí ar líne a atreisiú mar gheall ar an méid ama a chaitheann daoine óga ar líne sa bhaile. Cuireann Webwise tacaíochtaí breise ar fáil, lena n-áirítear *Treoir do Thuismitheoirí maidir le hIdirlíon Níos Fearr* atá ar fáil le híoslódáil ag www.webwise.ie/parents, le cuidiú leat labhairt go muiníneach le do chuid leanaí maidir leis na tairbhí agus na rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht ar líne. Caith súil ar ábhar an chláir *Bí in CTRL*, ar www.webwise.ie/ga/muinteoiri/faigh-acmhainni, agus déan teagmháil leis an scoil dá mba mhaith leat an clár a phlé tuilleadh/do leanbh a tharraingt siar ó na ranganna OSPS fad is atá an clár seo ar siúl.

**Le dea-mhéin,**

..............................................................................................





# Aguisín 8
## Cén chaoi a dtabharfaidh tú cosaint duit féin ar líne?

Coinnigh smacht ar na nithe a roinneann tú agus cé leis a roinneann tú faisnéis phríobháideach ar líne.

Ná roinn ach grianghraif agus físeáin ba chuma leat dá bhfeicfeadh do chairde agus do theaghlach iad.

Má iarrann duine ort grianghraf gnéasach a sheoladh nó físeán le hábhar gnéasach a thaifeadadh, iarr ort féin: Cén fáth a bhfuil an duine seo ag iarraidh orm é a dhéanamh? Céard a d'fhéadfaidís a dhéanamh leis an ngrianghraf nó an físeán nuair a sheolaim é? An bhféadfadh an duine seo an t-ábhar a úsáid chun mí-úsáid a bhaint asam ar bhealach ar bith?

Tá sé ceart go leor STOP a rá sna cúinsí sin. Tá tú féin agus do chompord tábhachtach:

Más cara atá ann a bhfuil aithne mhaith agat orthu, ba cheart go dtuigfidís nach bhfuil tú sásta go bhfuil rudaí á ndéanamh acu nach bhfuil tú compordach leo. Mura dtuigeann, b'fhéidir nach bhfuil sé nó sí chomh mór leat is a cheap tú.

Más duine atá ann nach bhfuil eolas agat air ach ar líne amháin, bí níos cúramaí. An bhfuil tú in ann aitheantas an duine sin a fhíorú? Labhair le duine a bhfuil muinín agat astu duine le duine, lorg comhairle.

### Coinnigh do shonraí príobháideacha príobháideach

— Ná roinn d'fhaisnéis phearsanta – uimhir theileafóin, seoladh ná scoil – le duine nach bhfuil eolas agat air ach ar líne amháin. Má bhíonn amhras ort, iarr ort féin, cén chúis a dteastaíonn sé uathu?

— Socraigh do shocruithe príobháideachais ar do chuntais mheán sóisialta chun do shonraí príobháideacha a chosaint i gcónaí.

### Conas a bhreathnaím?
### Bí feasach ar do láithreacht ar líne

Lorgaíonn mí-úsáideoirí daoine óga a úsáideann ainm úsáideora gnéasaithe, a phostálann grianghraif ghnéasaithe nó a labhraíonn faoi ghnéas ar líne. Smaoinigh ar mar a fhéachann do phróifíl ar líne do dhaoine eile.

### Ar mhaith leat casadh liom? Cuir do shábháilteacht ar dtús i gcónaí

Níl sé cliste tabhairt le fios cá bhfuil tú ná bualadh le duine nach bhfuil eolas agat air ach ar líne amháin. Ach má dhéanann tú sin, bí sábháilte: buail leo in áit phoiblí agus tabhair duine fásta a bhfuil muinín agat as leat.

### 'Cara carad'?
### Le bheith cinnte, cuir ceist ar do chara

Tá sé éasca ag aon duine grianghraif bhréige a phostáil agus sruthú físeáin bréige a chur ar cheamara gréasáin. Má deir duine ar líne gur 'cara carad' iad, fiafraigh de do chara cibé ar bhuail siad leo i ndáiríre. Féadfaidh duine ar bith foghlaim fút agus faoi do chairde ó fhaisnéis a aimsíonn siad ar líne.

### Ar deireadh... Coinnímis eadrainn féin é?

Bí cinnte nach nochtann tú thú féin (ná do phríobháideachas)

Má sheolann tú grianghraif ghnéasacha díot féin chuig duine éigin ar líne nó má dhéanann tú rudaí náireacha os comhair ceamara gréasáin a d'fhéadfadh a bheith ag taifeadadh i ngan fhios duit, tá baol ann go roinnfear na híomhánna sin in áit ar bith le duine ar bith. An bhfuil tú ag iarraidh go dtarlódh sé sin?

**Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag:**
www.europol.europa.eu/activities-services/public-awareness-and-prevention-guides/online-sexual-coercion-and-extortion-crime

# Aguisín 9
## Gluais

**Ábhar gáirsiúil:** Dar leis an Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht, aon ghrianghraf, físeán nó taifeadadh fuaime ina dtaispeántar leanbh ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach, nó ina ndírítear go sonrach ar bhaill ghiniúna linbh, meastar gur pornagrafaíocht leanaí é agus go bhfuil sé mídhleathach dá bhrí sin.

**Aip:** Is é is aip (feidhmchlár) ann ná clár bogearraí. Tagraíonn aip de ghnáth do bhogearraí a úsáidtear ar fhóin chliste, ar tháibléid nó ar ghairis shoghluaiste eile. Tá roinnt aipeanna saor in aisce agus caithfear roinnt eile a cheannach.

**Ardán beoshruthaithe:** Bogearraí nó seirbhís ar líne cosúil le Skype a úsáidtear chun glaonna físe a dhéanamh nó físeán a chraoladh beo ar an idirlíon le ceamara gréasáin.

**Ceamara gréasáin:** Ceamara físe is ea ceamara gréasáin a fhothaíonn nó a shruthaíonn a íomhá láithreach nó trí ríomhaire chuig líonra ríomhaire. Nuair a ghabhann an ríomhaire é, is féidir an sruth a shábháil, amharc air nó é a sheoladh chuig líonraí eile tríd an idirlíon. Is furasta fotha ceamara gréasáin a bhréagnú.

**Comhéigean:** A chur ina luí ar dhuine rud a dhéanamh trí fhórsa nó bagairtí a úsáid.

**Comhéigean agus Sracadh Gnéasach ar Líne:** Nuair a iarrann duine éigin nár bhuail an leanbh leis ach ar líne le haghaidh grianghraif agus/nó físeáin ghnéasacha, nó go ndéanfadh an duine óg gníomh gnéasach os comhair ceamara gréasáin. D'fhéadfadh an duine iarraidh ar an leanbh an teagmháil a choinneáil faoi rún, agus bagairt a dhéanamh go gcuirfear na grianghraif/físeáin ar an idirlíon nó go roinnfear le cairde agus gaolta an linbh iad mura seolann an leanbh tuilleadh pictiúr nó mura n-íocann sé airgead.

**Cumarsáid ar Líne:** An chaoi a labhraíonn daoine le chéile ag úsáid an idirlín, agus áirítear leis ríomhphost, feidhmchláir teachtaireachtaí, fóraim, seomraí comhrá agus láithreáin líonraithe shóisialta.

**Dúmhál:** De réir an Achta um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) agus cásdlí ábhartha, tá sé in aghaidh an dlí éilimh gan údar a dhéanamh go bagrach. Cuimseofar leis an sainmhíniú ar bhagrach bagairtí maidir le grianghraif/físeáin gháirsiúla a fhoilsiú ar líne.

**Emoji:** Léiriú ar ghothaí gnúise, cosúil le miongháire nó grainc. Is iondúil go n-úsáidtear emoji i gcumarsáid leictreonach chun mothúcháin nó tuin an scríbhneora a chur in iúl.

**Féinphic de dhuine nocht/'nude selfie':** Téarma béarlagair a úsáideann déagóirí chun cur síos a dhéanamh ar íomhánna dlúthphearsanta féintáirgthe.

**Féinphic/Íomhá a chruthaigh an duine féin:** Cineál grianghraif díot féin, a thógtar de ghnáth ar cheamara ar ghuthán.

**Fón cliste:** Fón póca atá in ann go leor de na feidhmeanna céanna atá ag ríomhaire a chomhlíonadh. Go hiondúil bíonn scáileán mór ar fhón cliste agus córas feidhmithe atá in ann aipeanna ilfheidhmeacha a rith.

**Líonrú sóisialta:** Ceangal, cumarsáid agus comhoibriú le daoine eile ar an idirlíon trí phobail ar líne. Is féidir le daoine a bheith cruthaitheach agus tuairimí a léiriú ar sheirbhísí líonraithe shóisialta. Ní mór do dhaoine óga a bheith cúramach agus iad ag cur faisnéis phearsanta ar sheirbhísí líonraithe shóisialta.

**Sracadh:** Rud éigin a fháil, go háirithe airgead nó maoin eile, trí fhórsa nó bagairtí.

**Teacht i dtír gnéasach ar líne:** Nuair a chuirtear iallach nó ina luí ar leanaí íomhánna gnéasacha díobh féin a sheoladh nó a phostáil, a bheith páirteach i ngníomhartha gnéasacha trí cheamara gréasáin nó fón cliste, nó comhráite gnéasacha a bheith acu ar téacs nó ar líne.

**Tuairiscigh:** Nuair a thagann úsáideoirí ar ábhar mídhleathach, ionsaitheach nó míchuí ar sheirbhís líonraithe shóisialta, ba cheart dóibh leas a bhaint as na próisis tuairiscithe drochíde chun an t-ábhar a chur in iúl don tseirbhís líonraithe shóisialta. Athbhreithníonn modhnóirí na seirbhíse faoi chaibidil an t-ábhar ansin i bhfianaise na tuairisce agus baineann siad ábhar ar bith a sháraíonn a mbeartais.





# Aguisín 10
## Reachtaíocht Eile is Infheidhme

Is forálacha reachtúla eile iad seo a bhféadfadh feidhm a bheith leo freisin ag brath ar imthosca an cháis ar leith.

Mar shampla, san Acht um Oifig an Phoist, 1951 (arna leasú leis an Acht um Rialáil Cumarsáide, 2007) déileáiltear leis an úsáid a bhaintear as an gcóras teileafóin chun teachtaireacht atá ró-ghráiniúil nó mígheanasach, graosta nó bagrach, a chur le teileafón. Ní bhaineann sé le cumarsáid ina n-úsáidtear ardáin mheán sóisialta agus tá sé srianta d'fhóin amháin lena n-áirítear fóin phóca agus teachtaireachtaí téacs. Toisc chomh héagsúil is atá cumarsáid an lae inniu, tá a scóip sách teoranta.

Ar an gcaoi chéanna, cruthaítear le hAlt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, cion maidir le ciapadh. Mar sin féin tá sé teoranta d'iompar leanúnach agus dá bhrí sin ní bhaineann sé le gníomh aonair a dhéanann cur isteach tromchúiseach ar shíocháin agus ar phríobháideacht an duine eile nó scaoll a chur sa duine eile nó anó a chur air nó uirthi nó díobháil a dhéanamh dó nó di.

# Eolas fúinn

Is cuid d'fhoireann SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas é an tionscnamh Webwise. Tacaíonn an fhoireann sin le comhtháthú ICT sa teagasc agus san fhoghlaim i mbunscoileanna agus i meánscoileanna in Éirinn agus déanann sé é a chur chun cinn. Is iad na príomhfheidhmeanna atá ag SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas raon de thacaí ICT a sholáthar do scoileanna, lena n-áirítear forbairt beartas ICT, comhairle, forbairt ghairmiúil, ábhar agus feidhmeanna eiseamláire.

Is seirbhís tacaíochta trasearnála í SFGM atá faoi bhainistíocht Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus atá faoi shainchúram na Rannóige um Oideachas Múinteoirí agus na Rannóige um Beartas ICT sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugann sí tacaíocht forbartha gairmiúla do mhúinteoirí agus do phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile. Cuireann an obair a dhéanann SFGM le feabhsúchán scoile trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar shaincheisteanna curaclaim agus oideachais agus trí chleachtas athmhachnamhach agus forbairt leanúnach a chothú i measc múinteoirí.

Ba i mí Mheán Fómhair 2010 a bunaíodh SFGM mar sheirbhís tacaíochta nua, chineálach, chomhtháite agus trasearnála do scoileanna. D'eascair bunú SFGM as roinnt seirbhísí tacaíochta neamhspleácha a chónascadh. Sa lá atá inniu ann, cuimsíonn SFGM na tacaí a chuir seirbhísí tacaíochta agus cláir thacaíochta eile ar fáil roimhe seo, lena n-áirítear an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas anois).

Oibríonn Webwise go dlúth leis an bhfoireann Sláinte agus Folláine in SFGM. Soláthraíonn an fhoireann sin tacaí do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí le bulaíocht a chosc agus le hidirghabháil a dhéanamh i gcás bulaíochta. Tacaíonn sí freisin le forfheidhmiú OSPS i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Tá an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE) ina chomhpháirtí i gClár um Idirlíon níos Sábháilte arna maoiniú ag an AE ón mbliain 2000 i leith. Bhunaigh an NCTE an tionscnamh Webwise sa bhliain 2005 chun go ngníomhódh Webwise mar ionad náisiúnta feasachta ar shábháilteacht Idirlín in Éirinn. Tá an tionscnamh á chómhaoinithe ag Clár an AE um Idirlíon níos Sábháilte agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá Webwise ina chomhalta Éireannach de ghréasán Insafe ó shin i leith. Tá sé mar ról ag an ionad náisiúnta feasachta leanaí in Éirinn a spreagadh chun úsáid níos sábháilte agus níos éifeachtaí a bhaint as an idirlíon.

Ag gníomhú dó mar Ionad um Idirlíon níos Sábháilte do Phoblacht na hÉireann, cuireann an tIonad um Idirlíon níos Sábháilte, Éire, feidhmeanna agus gníomhaíochtaí feasachta ar Idirlíon níos Sábháilte, Beolíne agus líne chabhrach ar fáil sa tír seo. Is tríd an tionscnamh Webwise dá cuid a thugann SFGM faoi ardú feasachta.

Cuibhreannas é an tionscadal sin ina bhfuil comhpháirtithe tionscail, oideachais, leas leanaí agus rialtais a sholáthraíonn feidhmeanna agus gníomhaíochtaí feasachta ar Idirlíon níos Sábháilte, beolíne agus líne chabhrach do Phoblacht na hÉireann. Is iad na comhpháirtithe sa chuibhreannas an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), tríd an tionscnamh Webwise dá cuid, Líne Chabhrach na Leanaí, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus Cumann Soláthróirí Seirbhísí Idirlín na hÉireann. Comhordaíonn an Oifig Sábháilteachta Idirlín é chun tionscnaimh náisiúnta a fhorbairt lena gcuirtear úsáid níos sábháilte na meán leictreonach chun cinn agus chun iad siúd is mó i mbaol, go háirithe leanaí, a chosaint níos mó in aghaidh na ngnéithe diúltacha den Idirlíon. Cuireann an cuibhreannas seo leis an taithí a gnóthaíodh sna tionscadail maidir le hIdirlíon níos Sábháilte a bhí fíor-rathúil ach neamhspleách a reáchtáladh roimhe seo.

Co-financed by the European Union
Connecting Europe Facility

Á chómhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Aontas Eorpach, tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF).
Arna dhearadh ag detail.ie